

5.0 Caibidil 5 Straitéis Ghluaiseachta

5.1 Réamhrá

Tá iompar bunúsach don chaoi a mhairimid is a oibrímid. Tá sé bunúsach d'fhorbairt gheilleagrach, shóisialta agus fhisiciúil an Chontae go ndéanfaí líonra iompair éifeachtach, comhtháite agus soiléir a thagann le beartas náisiúnta agus réigiúnach a choinneáil agus a sheachadadh. Má deantar faillí ar iompar éifeachtach a éascú bíonn costais ann don tsochaí agus cuireann sé bac ar fhás gheilleagrach. Is príomhthosaíocht don Phlean seo córas iompair inbhuanaithe a fhorbairt, beartais a spreagadh d'fhonn níos mó úsáide a bhaint as iompar poiblí, agus ag an am céanna méid a chur ar chion an chóra iompair ó thaobh siúlóide agus rothaíochta de i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an Chontae.

Aithníonn beartas iompair náisiúnta agus réigiúnach nach bhfuil claonta iompair reatha in Éirinn agus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath inbhuanaithe, go háirithe maidir le leibhéal úsáide carranna. Tá sé sár-riachtanach go n-aistreofaí chuig modhanna iompair a bheadh níos inbhuanaithe chun astaíochtaí carbóin na hÉireann a laghdú agus chun sprioc an Rialtais le laghdú 80% a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin faoin mbliain 2050 a bhaint amach.

Cé go bhfuil an bhéim sa chaibidil seo ar an aistriú córa iompair seo a spreagadh tá sé tábhachtach freisin go n-aithneofaí go leanfar le roinnt taistil bunriachtanach le carranna agus feithiclí earraí agus éascaíonn an Plean freisin feabhsú a chur ar bhonneagar bóthair chun freastal ar na héifeachtúlachtaí feabhsaithe a bhfuil gá leo.

5.2 Comhthéacs Reachtúil

Bhunaigh an reachtaíocht i bhfoirm Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) ról an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA)¹ sa phróiseas pleanála do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Caithfidh Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíochta (RSES) agus Pleananna Forbartha Údaráis Áitiúil agus Pleananna Ceantair Áitiúil a bheith comhsheasmhach le Straitéis Iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair.

5.3 Comhthéacs Beartais

Tá roinnt cáipéisí beartas Náisiúnta agus Réigiúnacha ann atá mar bhonn le straitéis iompair Chontae na Mí mar a leanas:

Creat Náisiúnta Pleanála agus Plean Forbartha Náisiúnta - Tionscadal Éireann 2040

Tá tábhacht ag baint le na Torthaí Náisiúnta Straitéiseacha ar Dlúth-fhás (NSO 1), Rochtain Réigiúnach Fheabhsaithe (NSO 2), Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe (NSO 3), Soghluaisteacht Inbhuanaithe (NSO 4), agus Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Seasmhach ó thaobh na hAeráide (NSO 8) agus Geilleagar Láidir a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht, Nuálaíocht agus Scileanna (NSO 5) don Straitéis Ghluaiseachta seo.

¹ Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair an t-údarás iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus is í an ghníomhaireacht cheadúnaithe poiblí í d'Éirinn. Bunaíodh é faoi fhorálacha an Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 agus Acht um Rialáil Iompair Phoiblí (2009), ar 1^ú Nollaig 2009.

Tá fócas an CNP ar dhlúth-fhás a sheachadadh le béim ar chóras iompair phoiblí éifeachtúil agus ar an mbealach sin an brath ar an gcarr príobháideach a laghdú, rud a chuirfidh laghdú ar astaíochtaí agus a chuirfidh feabhas ar cháilíocht an aeir etc.

Má díreann ar na torthaí straitéiseacha náisiúnta a leanas tabharfaidh sé treoir chun Creat 2040 na hÉireann a chur i bhfeidhm:

Fás Cliste, Dlúth: 'Má déantar bainistíocht chúramach ar dhlúth-chathracha agus ar dhlúth-bhailte cuireann sé le luach agus ba chóir go gcruthódh sé áiteanna níos tarraingtí do dhaoine le cónaí agus oibriú iontu. Tá ceantair mhóra ar féidir a fhorbairt inár gcathracha ar fad agus i gcuid mhaith dár mbailte tuaithe, atá suite go lárnach agus atá in úinéireacht phoiblí go minic, atá oiriúnach agus gur féidir athúsáid a bhaint astu chun tithíocht, poist, áiseanna agus seirbhísí a chur ar fáil, ach go bhfuil gá le cur chuige atá athchóirithe chun éifeachta agus comhordaithe chun iad a fhorbairt, le infheistíocht i mbonneagar agus in áiseanna spóirt a chumasú, chun a n-acmhainneacht a úsáid. Is príomhthosaíocht é na ceantair straitéiseacha sin a ghníomhú agus dlús agus comhdhlúthú éifeachtach a bhaint amach, in ionad tuilleadh sraoilleála ar fhorbairt uirbeach.'

Rochtain Réigiúnach Fheabhsaithe: 'Nuair a bheidh na ceantair i gcoillár na bpríomhchathracha agus na gceantair uirbeacha curtha ar fáil, is í an chéad thosaíocht eile ná feabhas a chur ar rochtain idir príomhionaid uirbeacha daonra agus a gcuid réigiún amhail phríomhchathracha Chorcaí agus Luimnigh agus trí Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh go Gaillimh chomh maith le rochtain ar na hionaid uirbeacha is mó san Iarthuaisceart. Má déantar infheistíocht i gceangailteacht ar dtús d'uireasa bearta comhdhlúthaithe is mór an seans go bhfaighidh na claonta reatha i dtreo sraoilleáil uirbeach níos measa.'

Luaineacht Inbhuanaithe: 'Ag teacht le plean na hÉireann chun Athrú Aeráide a mhaolú, caithfidh leanúint ag leictirí ár gcóras luaineachta diaidh ar ndiaidh agus imeacht ó chórais tiomána a thruaillíonn agus atá dian ar charbón chuig teicneolaíochtaí nua amhail feithiclí leictreachais agus córais leictreach agus buntarraingthe hibrideacha a thabhairt isteach do flíteanna iompair phoiblí, ionas go mbeidh ár gcathracha agus ár mbailte ag baint taitneamh as timpeallacht atá níos glaine agus níos ciúine agus atá saor ó chórais iompair atá tiomáinte ag innill dócháin faoin mbliain 2040.'

Tagraíonn Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2 d'inrochtaineacht fheabhsaithe réigiúnach. Is tionscadail iad Seachbhóthar N52 Bhaile Átha Fhirdhia agus Seachbhóthar N2 Bhaile Shláine atá liostaithe mar chuid den chlár infheistíochta atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta, agus mar a léiríonn figiúr 5.2, tá sé mar aidhm aige na spriocanna sin a bhaint amach, an sprioc le ceangailteacht fheabhsaithe réigiúnach a chur i gcrích.

Cuirfear roinnt codanna den líonra náisiúnta bóthair chun cinn trí réamh-bhreithmheas agus phleanáil luath le linn 2018 chun tosaíocht a thabhairt do thionscadail a bheidh á dtógáil sa Phlean Forbartha Náisiúnta, agus orthu siúd tá: An N3 ó Chluain Aodha go dtí an M50, an N2 ó Thimpeallán an Rátha go dtí Crois Chill Mhúine, an N2 ó Bhaile Átha Fhirdhia go dtí ó dheas de Bhaile na Lorgan agus an N2 ó Chluain Tiobrad go dtí an Teorainn.

Tá roinnt bóthar áitiúil liostaithe sa Phlean Náisiúnta Forbartha lena gcur chun cinn le linn saolré an phlean agus ina measc tá Bóthar Dromlaigh Bhaile an Bhiataigh/na hInse.

Luann an NDP go bhfuil Údarás Áitiúla ag pleanáil réimse leathan thionscadail bhóthar réigiúnacha agus áitiúla a chur chun cinn ar fud na tíre. Tá na tionscadail sin ag staideanna éagsúla pleanála agus breithmheasa. Mar shamplaí de thionscadail atá faoi réir breithmheasa faoi láthair tá Bóthar R157 Mhaigh Nuad, Dún na Bóinne (uasghrádú sábháilteachta) agus bóthar an R162 ón Uaimh go Dún an Rí (uasghrádú sábháilteachta).

Údarás Náisiúnta Iompair - Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035

Cuireann an straitéis iompair seo creat ar fáil chun bonneagar iompair agus seirbhísí a phleanáil agus a sheachadadh do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath thar na fiche bliain amach romhainn. Tá sé aitheanta ag an straitéis seo go bhfuil úinéireacht charranna i gContae na Mí ag fás go seasmhach ó na 1990idí fiú trí bhlianta an chúlú eacnamaíochta agus go bhfuil pointe sáithiúcháin beagnach sroichte aige anois. Tá cion na córa rothaíochta sa Chontae íseal. Cuireann an straitéis béim ar an ngá le bonneagar siúil agus rothaíochta sa réigiún agus tugann sé achoimre ar na feabhsúcháin a bhfuil gá leo chun é seo a bhaint amach. Éilítear le reachtaíocht go mbeadh Straitéis Ghluaiseachta an ÚNI i gcomhréir leis an SRSE.

Tógáil ar Théarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Caipitil 2016-2021 (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe)

Cuireann an Plean Caipitil creat €42 billiún an Rialtais i láthair d'infheistíocht bhonneagair in Éirinn don tréimhse 2016 go 2021. Tá an plean tiomanta ar bhonneagar d'ardchaighdeán a chur ar fáil. Tugann sé achoimre ar leithdháiltí agus maoiniú do thionscadail nua thar roinnt phríomhréimsí chun a chinntiú go ndéantar an stoc bhonneagair náisiúnta atá ann faoi láthair a athnuachan agus a chothabháil. Luann sé go háirithe tús a chur le Seachbhóthar Bhaile Shláine agus le bóthar ceangail na hInse - Bhaile an Bhiataigh.

Ag Infheistiú inár dTodhchaí Iompair - Creat Infheistíochta Straitéiseach um Iompar Talún (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2015)

Déanann an cháipéis seo a mheas cén ról ba chóir a bheith ag iompar i dtodhchaí Gheilleagar na hÉireann agus tugann sí faoi straitéis a aithint chun líonra iompair talún na hÉireann a fhorbairt agus a bhainistiú. Tá sé i gceist leis an gcreat príomhchinntí infheistíochta maidir le hiompar talún a threorú thar na blianta amach romhainn. Cuireann an cháipéis tacar critéar ar fáil freisin ar a ndéanfar beartas pleanála náisiúnta agus réigiúnach ar úsáid talún a mheas, ar a n-áirítear creat pleanála féideartha spáis nua a fhorbairt. Feidhmíonn sé freisin mar scagaire do thionscadail infheistíochta iompair nua sula ndéantar iad a mheas ar a n-oiriúnacht le bheith áirithe ar scéimeanna náisiúnta agus réigiúnacha.

Treoirínte maidir le Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta um Údaráis Phleanála (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil 2012)

Leagann na treoirínte sin amach na nithe atá le breithniú sa bheartas pleanála maidir le forbairt a mbeadh tionchar aici ar phríomhbhóithre náisiúnta agus ar bhóithre náisiúnta den dara grád, ar a n-áirítear mótarbhealaí agus acomhail a bhaineann leo, lasmuigh de limistéir luasteorann 50-60kmph do chathracha, do bhailte agus do shráidbhailte.

Taisteal níos Cliste – Todhchaí Iompair Inbhuanaithe - Beartas Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020) (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt)

Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo córas iompair inbhuanaithe atá bunúsach don chlár athraithe aeráide a sheachadadh. Déanann an rialtas athdhearbhú ar a fhís d'inbhuanaitheacht iompair agus leagann sé amach cúig phríomhsprioc: (i) laghdú a dhéanamh ar an éileamh taistil ina iomláine, (ii) éifeachtúlacht an líonra iompair a uasmhéadú, (iii) an tuilleamaí ar bhreoslaí iontaise a laghdú, (iv) astaíochtaí iompair a laghdú agus (v) feabhas a chur ar rochtain ar iompar agus caighdeán na beatha a fheabhsú dá réir.

Creat Beartais Rothaíochta Náisiúnta 2009-2020 (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt)

Baineann an Creat Beartais Rothaíochta Náisiúnta (CBRN) 2009-2020 úsáid as na spriocanna a bhfuil achoimre orthu sa Taisteal Níos Cliste agus díríonn sé níos sonraithe ar rothaíocht mar mhodh iompair inbhuanaithe. Leagann an cháipéis amach an cuspóir luaite le cultúr rothaíochta láidir a chruthú in Éirinn, le go mbeadh rothaíocht ar an ngnáth bhealach, in ionad a bheith neamhghnách, i gcomhair gach aistear gearr a déantar.

Plean Líonra Rothaíochta Cheantar Bhaile Átha Cliath 2014-2024

Díríonn an cháipéis seo ar fhardal áiseanna rothaíochta i mBaile Átha Cliath, i gCill Dara, i gContae na Mí agus i gCill Mhantáin a bhunú agus aithníonn sí bealaí rothaíochta féideartha amhail glasbhealaí, raonta rothar, lánaí rothar agus bóithre. Leagann an plean amach straitéis deich mbliana chun infheistíocht a threorú isteach i rothaíocht i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus féachfaidh sé le líonra rothaíochta an cheantair a mhéadú faoi chúig nó go mbeidh fad 2,840km ann.

Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha 2019 (DMURS), (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Roinn Comhshaoil)

Tá an lámhleabhar dírithe ar shráideanna a chruthú a bheidh sábháilte, tarraingteach agus compordach do na húsáideoirí ar fad. Cuireann sé sraith prionsabal, cur chuige agus caighdeán i láthair a bhfuil gá leo chun torthaí deartha cothromaithe ar an gcleachtas is fearr a bhaint amach maidir le líonra sráide agus sráideanna ar leith. *Is féidir le sráideanna atá deartha go maith líonraí fisiciúla, sóisialta agus iompair a bhfuil ceangal eatarthu a chruthú, a spreagann malairtí dáiríre ar thurais i gcarranna, is é sin siúl, rothaíocht agus iompar poiblí.* Tugann an lámhleabhar treoir ar leagan amach fhorbairtí nua agus ar dhearadh bhóithre agus shráideanna ar leith a thógann sráid-dreacha, dearadh uirbeach agus critéir innealtóireachta san áireamh. Caithfidh gach Údarás Pleanála an lámhleabhar a thógáil san áireamh nuair atá sé ag ceadú nó ag pleanáil forbartha.

Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta 2011 (Údarás Náisiúnta Iompair)

Tugann an lámhleabhar seo treoir maidir leis an rothar a chur san áireamh mar chuid de dhearadh ceantar uirbeach. Iarann sé ar phleanálaithe agus innealtóirí an rothaíocht a chur san áireamh mar chuid de líonraí iompair ar bhealach níos réamhghníomhaí ná roimhe seo.

Sustainable Urban Housing: Design Standards for New Apartments 2018 (An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil)

Áirítear leis caighdeán i dtaobh le páirceáil carranna.

Beartas Náisiúnta Eitlíochta d'Éirinn 2015 (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt)

Tá an cháipéis seo mar cháipéis treorach ginearálta d'fhonn eitlíocht a fhorbairt laistigh den Tír. Leagann sí béim ar thrí phríomhspríoc d'earnáil eitlíochta na hÉireann:

- *Feabhas a chur ar cheangailteacht na hÉireann trí rochtain shábháilte, shlán agus iomaíoch a fhreagraíonn riachtanais an ghnó, na turasóireachta agus thomhaltóirí a chinntiú;*
- *Fás na fiontraíochta eitlíochta in Éirinn a chothú le tacú le cruthú post agus Éire a shocrú mar cheannaire aitheanta domhanda san eitlíocht; agus,*
- *Cion earnáil na heitlíochta d'fhás agus d'fhorbairt gheilleagrach na hÉireann a uasmhéadú.*

An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, 2019-2031

Tá Pleanáil Iompair Chomhtháite agus Talamhúsáide an Chuspóra Beartais Réigiúnaí CBR 6 ag iarraidh: *‘An úsáid is fearr a bhaint as Bonneagar Iompair, atá ann cheana agus atá beartaithe a spreagadh, agus modhanna taistil inbhuanaithe agus ghníomhacha a spreagadh chun comhtháthú ceart a chinntiú maidir le pleanáil iompair agus talamhúsáide.’*

Admhaíonn an RSES go bhfuil earnáil an iompair ar cheann de na cúiseanna is suntasaí lenár n-astaíochtaí náisiúnta Gáis Cheaptha Teasa (GHG) agus caithfimid mar náisiún gníomhú maidir le hathrú aeráide agus gach earnáil a chur in oiriúint agus a mhaolú dá réir. Is príomhghné de fhreagra na hÉireann ar athrú aeráide an gá le haistriú chuig sochaí ar charbón íseal trí úsáid iompair a laghdú agus aistriú chuig roghanna le carbóin níos ísle, ar a n-áirítear aistriú chuig athnuaiteáin. Is faoin ngá le taisteal a laghdú ar dtús agus ansin aistriú chuig modhanna éifeachtúla eacnamaíocha, i.e. modhanna gníomhacha taistil agus iompar poiblí atá an t-aistriú chuig córas iompair ar charbón íseal. Is céim bhreise rí-thábhachtach é aistriú ó fheithiclí atá ann a úsáideann breosla iontaise chuig feithiclí glana inathnuaite.

Cuireann Straitéis Iompair an NTA do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) creat ar fáil chun bonneagar iompair agus seirbhísí a phleanáil agus a sheachadadh thar an tréimhse 2016 - 2035.

Tá na CBRanna a leanas ábhartha:

CBR 8.1: *‘Beidh comhtháthú ar phleanáil iompair agus talamhúsáide sa Réigiún comhsheasmhach le na prionsabail treoracha a cuirtear in iúl i straitéis iompair an RSES.’*

CBR 8.2: *‘Déanfar acmhainneacht agus sábháilteacht líonraí straitéiseacha iompair talún an Réigiúin a bhainistiú agus a fheabhsú, le bainistíocht ar éileamh taistil chun a chinntiú go mbainfeadh an úsáid is fearr astu mar chuid de.’*

CBR 8.3: *‘Go ndéanfar forbairt sa toadhchá a phleanáil agus a dhearadh ar bhealach a bhainfidh amach an oiread éifeachtúlachta agus is féidir agus a chosnóidh acmhainn straitéiseach líonra iompair an cheantair cathrach, atá ann cheana agus atá pleanáilte agus a chosnóidh agus a dhéanfaidh inrochtaineacht réigiúnach a chothabháil.’*

CBR 8.4: *‘Léireoidh pleananna ar thalamhúsáid laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath comhsheasmhacht le Straitéis Iompair an NTA do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus beidh pleananna laistigh nó lasmuigh de MBÁC comhsheasmhach le na prionsabail treoracha a cuirtear in iúl san RSES.’*

CBR 8.5: *‘Tacú le straitéis réigiúnach d’iompar lastais a ullmhú i gcomhar le na gníomhaireachtaí iompair ábhartha agus le na Tionóil eile.’*

CBR 8.6: *‘Déanfar Pleananna Iompair Áitiúla (LTP) a ullmhú do lonnaíochtaí roghnaithe sa Réigiún chun léiriú áitiúil a thabhairt do Straitéis Iompair ar leibhéal réigiúnach laistigh den Réigiún i gcomhar leis an NTA.’* Beidh na lonnaíochtaí seo a leanas ináirithe orthu siúd a ndéanfar Pleananna Iompair Áitiúla dóibh, ach ní bheidh sé teoranta dóibh, Baile Átha Luain, Dún Dealgan, Droichead Átha, An tInbhear Mór, Cill Dhéagláin, Baile Brigín, An Longfort, An Muileann gCearr, Portlaoise, An Nás, An Uaimh, Droichead Nua, Tulach Mhór, agus Cill Mhantáin- Ráth Naoi agus lonnaíochtaí móra áirithe nó ceantair fhorbartha laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

PO 8.7: *'Chun úsáid bhainistíocht ghluaisteachta agus pleananna taistil a spreagadh chun go dtiocfadh athrú iompair agus úsáid iompair níos inbhuanaithe dá bharr.'*

CBR 8.8: *'Leis an SRSE, tugtar tacaíocht do sholáthar na dtionscadal iarnróid mar atá leagtha amach i dTábla 8.2, ag brath ar thoradh an mheasúnaithe chuí timpeallachta agus ar an bpróiseas pleanála.'*

Áirítear leis na tionscadail sin:

- Síneadh líne Dhún na Bóinne/Parkway M3 chomh fada leis an Uaimh le linn Athbhreithniú Lár téarma Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath;²
- Clár leathnaithe an Dart - bonneagar nua agus leictriú na línte atá ann cheana, ar a n-áirítear soláthar ar sheirbhís leictirthe go Droichead Átha, Maigh Nuad agus Parkway M3 ar Líne Mhaigh Nuad/Sligeach.

CBR 8.9: *'Tacaíonn an RSES le na tionscadail bus atá leagtha amach i dTábla 8.3 a sheachadadh faoi réir thoradh an mheasúnaithe comhshaoil cuí agus an phróisis phleanála.'*

Cuimsíonn Tábla 8.3 raon leathan beart a thugann aghaidh ar gach gné d'iompar bus ar a n-áirítear bealaí, struchtúir tháille, eolas pasáiste etc.

CBR 8.10: *'Tacaíonn an RSES le breithmheas agus seachadadh na dtionscadal bóthar atá leagtha amach i dTábla 8.4 faoi réir thoradh an mheasúnaithe comhshaoil cuí agus an phróisis phleanála.'*

Áirítear leis na tionscadail sin:

- An N2 Seachbhóthar Bhaile Shláine;
- An N2 Timpeallán an Rátha go Cill Mhúine;
- An N2 Seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia;
- An N2 Baile Átha Fhirdhia go Baile na Lorgan;
- An N3 Cluain Aodha go dtí an M50

-M4 Maigh Nuad go Léim an Bhradáin.

Ina theannta sin, leanfar le cosaint fhadtéarmach ar Sheachbhóthar an Oirthir agus ar Chuarbhealach Amuigh Laighean.

CBR 8.11: *'Tacú le líonra TEN-T an AE agus feidhm straitéiseach líonra bóthair Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste a fheabhsú agus a chosaint.'*

CBR 8.12: *'Tacú le ceangal iarnróid ar luas níos airde a sheachadadh idir Béal Feirste, Baile Átha Cliath agus Corcaigh.'*

CBR 8.13: *'Tacú leis an gClár Iompair Tuaithe le Naisc Áitiúla ar fud cheantair tuaithe an Réigiúin.'*

CBR 8.14: *'Tacaíonn an SRSE le na tionscadail straitéiseacha páirceála agus taistil atá leagtha amach i dTábla 8.5 a sheachadadh faoi réir thoradh an mheasúnaithe comhshaoil cuí agus an phróisis phleanála.'*

Cuimsíonn na tionscadail sin Dún na Bóinne.

²Ábhar Dhréacht-Treoir Aireachta, Lúnasa 2019

Maidir le rothaíocht tá an RSES dírithe ar Phlean Líonra Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath an NTA a chur i bhfeidhm, an Plean Náisiúnta Rothaíochta a sheachadadh, bealaí rothaíochta sábháilte a chur ar fáil i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an Réigiúin, feabhas a chur ar áiseanna do choisithe i ngach ceantar uirbeach sa Réigiún; agus aithneoidh tosaíochtaí infheistíochta ar fhéidearthachtaí raonta rothair agus staidéir ar bhealaí a roghnú do raonta rothair pointí ard-leochaileachta beathaithe agus neadaithe éan agus fána leochaileach eile agus déanfar iad a sheachaint ina dhiaidh sin.

Leagann an RSES amach iad seo a leanas maidir le hiompar aeir:

CBR 8.17: *‘Tacú leis an mBeartas Náisiúnta Eitlíochta d’Éirinn agus leis an bhfás ar ghluaiseachtaí agus ar phaisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun go mbeidh a stádas ináirithe mar aerfort moil tánaisteach. Tacú go háirithe, leis an dara rúdbhealach a chur ar fáil, chomh maith le háiseanna críochfort feabhsaithe agus bonneagar eile.’*

CBR 8.18: *‘Táthar ag tacú le rochtain níos fearr ar Aerfort Bhaile Átha Cliath, ar a n-áirítear Metrolink agus seirbhísí bus feabhsaithe mar chuid de BusConnects, ceangaltais ón líonra bóthair ón iarthar agus ón tuaisceart. Feabhas a chur ar rochtain rothair chuig Aerfort Bhaile Átha Cliath agus chuig láithreacha fostaíochta mórthimpeall. Tacú le leibhéil chuí páirceála cairr agus páirceála cairr ar cíos.’*

CBR 8.19: *‘Tabharfaidh beartais phleanála spásúla i gcomharsanacht an aerfoirt cosaint d’oibriúchán Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir lena fhás agus le loingseoireacht sábháilte aerárthaí ó thalamhúsáidí neamh-chomhoiriúnacha. Aithneoidh agus léireoidh na beartais na criosanna torainn aerfoirt a bhaineann le Aerfort Bhaile Átha Cliath. Seasfar go gníomhach in aghaidh aon tsoláthar ar fhorbairt chónaitheach agus/nó aon fhorbairt eile a bheadh leochaileach ó thaobh torainn de laistigh de Chrios Torainn an Aerfoirt Inmheánaigh. Cuirfear dian-rialú ar sholáthar ar fhorbairt chónaitheach agus/nó aon fhorbairt eile a bheadh leochaileach ó thaobh torainn de laistigh de Chrios Torainn an Aerfoirt Lasmuigh agus éileofar leibhéil ábhartha inslithe torainn i ngach cás.’*

CBR 8.20: *‘Léireoidh beartais phleanála spásúla do cheantair atá laistigh de na Criosanna Sábháilte Poiblí an treoir atá leagtha amach i dTuarascáil an ERM “Criosanna Sábháilte Poiblí, 2005” (nó ar aon nuashonrú faoi sin) a ndearna an Roinn Iompair agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a bhí ann ag an am coimisiúnú air, chun moltaí ar fhorbairt laistigh de Chriosanna Sábháilte Poiblí Aerfoirt a mheas.’*

5.4 Fís do Straitéis Ghluaiseachta

Is sprioc straitéiseach den Phlean Forbartha ná lonnaíochtaí dlútha éifeachtacha tarraingteacha a chruthú a laghdaíonn an gá le taisteal agus a chuireann feabhas ar chaighdeán na beatha do na háitritheoirí. Is é talamhúsáid agus an chaoi a bhforbraítear é an príomhchúinse a bhfuil tionchar aige ar éileamh taistil^[1]. Is í fís an Phlean seo ná na hacmhainní atá ar fáil don Chomhairle a úsáid chun líonraí iompair sábháilte, éifeachtach agus inrochtana a chomhlíonann riachtanais áitiúla agus aidhmeanna straitéiseacha réigiúnacha agus náisiúnta níos leithne a chur ar fáil. Tá líonraí iompair a chothabháil agus a fheabhsú fós mar thosaíocht, go háirithe maidir le forbairt bhonneagair thábhachtach agus bearta iompair a sheachadadh a thacaíonn leis an straitéis forbartha eacnamaíochta don Chontae. Le patrúin inbhuanaithe iompair a bhaint amach atá ag teacht le beartas réigiúnach agus náisiúnta mar atá leagtha amach in Alt 5.3 cuirfidh sé sin ar chumas lonnaíochtaí feidhmiú níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.

^[1] Straitéis Náisiúnta Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035

5.5 Talamhúsáid agus Pleanáil Iompair a Chomhtháthú

Is féidir le pleanáil talamhúsáide tionchar réamhghníomhach a bheith aici ar iompar taistil; d'fhéadfadh tionchar láidir a bheith ag forbairt chnuasaithe i gcomhar le feabhsúcháin i leagan amach sráideanna, i ndearadh agus i bpleanáil éifeachtach ar an mbealach a mbeadh daoine ag taisteal gach lá. Taispeánann taighde go mbíonn níos mó taistil á dhéanamh ar mhodhanna gan innill ar shráideanna cineálta a bhfuil sé go deas maireachtáil iontu i gceantair le tréscailteacht mhaith agus le rochtain díreach ar iompar poiblí. Is príomhthosaíocht é ag an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) dlús agus comhdhlúthú éifeachtach a bhaint amach in ionad sraoilleáil uirbeach agus ar an mbealach sin feabhas a chur ar ghluaiseacht chroícheantair uirbeacha chun ceangaltais feabhsaithe a bhaint amach idir réigiúin. Tá sé luaithe laistigh den CNP gur príomhthosaíocht é dlús éifeachtach laistigh de cheantair uirbeacha atá suite go lárnach agus bearta comhdhlúthaithe uirbeacha a bhaint amach in ionad tuilleadh sraoilleála i bhforbairt uirbeach. Táthar ag moladh laistigh den NPF go ndéanfar na bearta sin a sheachadadh de réir Straitéis an NTA do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035.

Dá bharr sin, is é beartas na Comhairle mar sin ná leanúint ag tacú le comhtháthú éifeachtach ar thalamhúsáid agus ar iompar chun patrúin inbhuanaithe forbartha a laghdaíonn an gá le taisteal i gcar a ghiniúint agus a threisiú sa Chontae. Tá sé i gceist leis an bhfócas beartais seo, ní hamháin an staid beartais a bhfuil achoimre air sa NPF a léiriú ach go criticiúil cuspóirí *'Straitéis Athrú Aeráide na hÉireann go dtí 2020 agus ina dhiaidh sin'* a aithint.

Tá sé mar bheartas ag an gComhairle:

BEA GLU 1	Tacú le talamhúsáid a chomhdhlúthú le bonneagar iompair agus é a éascú, trí lonnaíochtaí dlútha inbhuanaithe a fhorbairt a ndéanfadh iompar poiblí freastal mhaith orthu.
BEA GLU 2	Staidéir straitéiseacha a dhéanamh chun meicníochtaí seachadta a aithint agus a leagann amach do bhonneagar iompair a bhfuil gá leis chun an Straitéis Forbartha Eacnamaíochta do Chontae na Mí a chur i bhfeidhm.
BEA GLU 3	Bearta pleanála talamhúsáide inbhuanaithe a spreagadh a éascaíonn éifeachtúlacht iompair, torthaí eacnamaíochta ar infheistíocht iompair, íoslaghdú ar thionchair ar an gcomhshaol agus athrú ginearálta le níos mó úsáide a bhaint as iompar poiblí ar fud an Chontae.
BEA GLU 4	Dlús forbartha cónaithe níos airde a spreagadh in ionaid lonnaíochta ar chonairí iompair poiblí, nach bhfuil suite i gceantair a bhfuil baol tuilte iontu, nó a ardóidh teocht i gceantair uirbeacha.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS GLU 1	Pleananna Iompair Áitiúla (LTP) a ullmhú agus tús a chur lena gcur i bhfeidhm i gcomhar leis an ÚNI agus páirtithe leasmhara ábhartha, do Dhroichead Átha (i gcomhar le Comhairle Chontae Lú mar chuid den Chomhphlean Uirbeach), <u>Cill Dhéagláin</u> , <u>An Uaimh</u> , <u>Rath Tó</u> agus <u>lonnaíochtaí eile nuair is iomchuí</u> .
-----------	---

5.5.1 Bainistíocht Éilimh

Measann Straitéis Iompair an NTA go mbeidh soláthar acmhainne bóthair nua i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath teoranta suas go dtí 2030. Cé go bhfágfaidh infheistíocht i líonraí iompair poiblí spás bóthair folamh, beidh tionchar diúltach ag an tuar maidir le fás ar an daonra agus ar an bhfostaíocht ar bhrú tráchta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. D'ainneoin na bhfeabhsúcháin ar fad atá pleanáilte chun an brath ar thaisteal i gcarr a laghdú, admhaíonn an NTA nach bhfuil sé indéanta spriocanna an Bheartais Taistil Níos Cliste a bhaint amach gan bearta bainistíochta suntasacha ar éileamh de nádúr fíoscach.

Tá bainistíocht ar éileamh ar úsáid bóthair grúpáilte tríd is tríd i dtrí chatagóir:

1. Bearta rialaithe sna háiteanna a bhfuil srian ar rochtain, agus úsáid a bhaint as bonneagar bóthair nó spásanna páirceála sráide ó am go ham e.g. srianta páirceála ar an tsráid, méadrú rampa, spás bóthair tiomnaithe do mhodhanna iompair áirithe, bainistíocht fhorbartha níos fearr chun éileamh agus an gá le taisteal a laghdú,
2. Bearta fhioscacha nuair a baintear úsáid as meicníochtaí praghsála chun mionathrú úsáid bóthair a bhaint amach,
3. Bearta comhlántacha eile a húsáidtear i gcomhar le 1 agus 2 thuas e.g. pleananna bainistíochta gluaisteachta, clubanna cairr, roinnt síbe, margaíocht ar mhodhanna seachas carranna agus iad a spreagadh.

Tá sé mar aidhm leis an Straitéis córas éifeachtúil agus éifeachtach iompair a chur ar fáil ar fud an réigiúin agus freastal ar fhás taistil sa todhchaí ar bhealach atá bainistithe agus tomhaiste. Cuirfidh soláthar méadaithe ar iompar poiblí, chomh maith le áiseanna rothaíochta agus siúil níos fearr i gceantair uirbeacha, na modhanna ar fáil chun freastal ar chuid mhaith den éileamh taistil méadaithe. Mar sin féin, mura mbeidh bearta bainistíochta éileamh comhlántacha ann ní bhainfear amach tairbhí iomlána na Straitéise.

Dá réir sin tacóidh an Plean leis an NTA chun tosaíocht a thabhairt dóibh seo a leanas:

- *Beartais talamhúsáide a spreagadh a thacaíonn le forbairt a sholáthar i láithreacha agus ag an dlús a thugann an cumas le soláthar éifeachtach a dhéanamh ar sheirbhísí iompair poiblí;*
- *Ardchaighdeáin páirceála a shocrú³ do na forbairtí nua ar fad, agus go mbeidh an leibhéal soláthair páirceála bunaithe ar an leibhéal inrochtaineachta ar iompar poiblí;*
- *Fáil ar pháirceáil láithreacha oibre in ionaid uirbeacha a laghdú chun cur in éadan taisteal i gcarr, nuair atá roghanna iompair malartacha le fáil;*
- *Bearta bainistíochta éileamh a chur i bhfeidhm ag an am cuí, chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna brú tráchta ar na bealaí náisiúnta gathacha atá ag déanamh ar an mótarbhealach M50, chun a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainne ag na bealaí sin chun a bhfeidhmeanna straitéiseacha níos leithne a bhaint amach;*
- *Srianta ar pháirceáil ar an tsráid a thabhairt isteach nó a leathnú, chomh maith le struchtúir luchtaithe, a fhéachann le páirceáil chomaitéireachta a laghdú agus a chuidíonn le leas níos fearr a bhaint as páirceáil do chuspóirí nach cuspóirí chomaitéireachta iad;*
- *Tacú leo seo a leanas a chur i bhfeidhm agus a leathnú agus éascaíocht a dhéanamh orthu:*
 - 1) *Pleananna Taistil Láithreach Oibre do na fostóirí móra ar fad⁴;*
 - 2) *Eolas pleanála taistil atá curtha in oiriúint a chur ar fáil do limistéir chónaitheacha agus thráchtála/mhiondíola;*
 - 3) *Pleananna Taistil do scoileanna, coláistí agus campais uile oideachais; agus*
 - 4) *Scéimeanna club carranna, comhroinnt carranna agus roinnt carranna.*

³ Féach Caibidil 11 Forbairt Bhainistíochta

⁴ Féach Caibidil 11 Forbairt Bhainistíochta

5.6 Bonneagar Straitéiseach

5.6.1 Dúshlán

Níl an Stát fós in acmhainn infheistíocht a dhéanamh i líonraí iompair ag na leibhéil chéanna is a bhí roimh an ngéarchéim gheilleagrach agus tá an scóip le cláir mhóra infheistíochta i réimsí ar nós iompar an-srianta.

Tá bearna shuntasach ann fós idir an leithdháileadh maoinithe do bhearta iompair agus na híosleibhéil maoinithe a bhfuil gá leo chun na córais atá ann cheana a choinneáil i gcaoi shásúil. Ní fhágann na leibhéil mhaoinithe srianta sin mórán scóipe le feabhsúcháin a dhéanamh ar líonra ná méaduithe ar acmhainn. Is é an dúshlán atá ag Údarás Áitiúla anois ná leibhéil mhéadaithe infheistíochta a fháil sa todhchaí agus a chinntiú go leanfar le fócas straitéiseach maidir leis an áit agus an gcaoi a dtreoraítear agus a n-úsáidtear infheistíocht. Tá todhchaí níos fearr roimh gheilleagar na hÉireann. Tugann sé seo dúshlán agus deiseanna don chóras iompair. D'fhéadfadh easpa leibhéil chuí infheistíochta an bonn a bhaint den fhás eacnamaíoch sprioctha trí leibhéil ardaithe brú tráchta a mbeidh cailteanas éifeachtúlachta mar thoradh orthu agus a mbeidh tionchar diúltach acu ar shaol pobail. Caithfidh gach infheistíocht iompair a bheith dírithe mar sin agus curtha in ord tosaíochta chun na torthaí is mó buntáiste a bhaint amach agus le fócas a bheith ar inrochtaineacht fheabhsaithe laistigh de cheantair uirbeacha agus ar bhealaí agus chonair réigiúnacha straitéiseacha, mar a bhfuil achoimre air sa NPF, RSES agus i Straitéis Iompair an NTA.

5.6.2 Príomhphrionsabail

Meastar go bhfuil na príomhphrionsabail atá mar bhunús le infheistíocht i líonraí iompair talún sa todhchaí iontu seo a leanas:

- 1) Ba chóir do mhaoiniú a bheith dírithe ar ghnéithe sa chóras iompair talún reatha a bhfuil sé aitheanta go bhfuil tábhacht straitéiseach leo, chun an infheistíocht a rinneadh cheana a chosaint agus feidhmiúchán sár-riachtanach a choimeád.
- 2) Meastar go bhfuil sé sár-riachtanach go mbeadh bearta anseo le haghaidh a thabhairt ar bhrú tráchta uirbeach faoi láthair agus sa todhchaí.
- 3) Bearta a bheith ann chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht iompar uirbeach ar a n-airítear iompar poiblí feabhsaithe agus leathnaithe; acmhainn agus bonneagar siúil agus rotháíochta, bainistíocht tráchta feabhsaithe agus tosaíocht bus; agus úsáid níos fearr a dhéanamh de na Córais Iompair Chliste (ITS), nuair is cuí.
- 4) Ba chóir aon infheistíocht bhreise a bheith sprioctha chun cion na líonraí iompair talún a uasmhéadú trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht an líonra atá ann cheana, go háirithe trí níos mó úsáide a dhéanamh dá bhfeidhmeanna ITS nó trí infheistíochtaí a chuireann feabhas ar cheangaltais chuig príomhchalafoirt agus aerfoirt nó tacaíocht a thabhairt do thosaíochtaí pleanála spásúla náisiúnta agus réigiúnacha eile atá aitheanta, mar is cuí.
- 5) I gcás bhóithre, ba chóir d'infheistíocht rochtain a thabhairt ar réigiúin nach bhfuil mórán freastail á dhéanamh orthu, rochtain ar thograí fostaíochta ar scála mór a spreagadh agus ceangail atá ar iarraidh a chríochnú agus aghaidh a thabhairt ar chaolais tráchta chriticiúla agus ceisteanna sábháilteachta, iad sin i mBaile Shláine san áireamh.
- 6) Feidhmiúchán thionscadail iompair a bhaint amach a bhfuil tacaíocht acu ó bheartais pleanála spásúla náisiúnta agus réigiúnacha chomh maith le bearta bainistíochta éileamh eile nuair is cuí.

Is é an sprioc atá leis an bPlean seo ná a chinntiú go mbeidh caighdeán maireachtála saoránach a choimeád agus a fheabhsú i gceist le hinfheistíocht iompair sa todhchaí, mar a rialaíonn na príonsabail seo, agus go mbeidh sé comhsheasmhach le spriocanna, riachtanais agus oibleagáidí comhshaoil, aeráide agus bithéagsúlachta, ar a n-áirítear iad sin a thagann ón Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach.

5.7 Iompar Inbhuanaithe

Tá an spreagadh ar mhodhanna iompair inbhuanaithe a úsáid agus soláthar méadaithe orthu bunúsach le riachtanais na hÉireann a bhaint amach chun astaíochtaí carbóin a laghdú 20% faoi 2020 agus 30% faoi 2030. Sa bhreis ar laghduithe astaíochtaí, má theiptear ar infheistíocht iompair poiblí a sheachadadh beidh líonra a bheidh an-phlúchta nach mbeidh in ann freastal ar riachtanais iompair an gheilleagair mar thoradh air. *‘Tacaíonn soláthar ar chóras iompair poiblí comhtháite atá ag feidhmiú go maith, a chuireann feabhas ar iomaíochas, a leanann le dul chun cinn eacnamaíoch agus a dhéanann roghanna gluaisteachta inbhuanaithe a chumasú do shaoránaigh le spriocanna foriomlána na hÉireann 2040*⁵. De bharr na srianta maoinithe atá ann faoi láthair i gclár infheistíochta iompair mhóra, caithefear freastail ar riachtanais bhreise acmhainne iompair poiblí do Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath sa mhéantéarma agus san fhadtéarma trí infheistiú i roghanna eile ar chostas níos lú. Féachfaidh an Plean le tacú agus éascú a dhéanamh ar mhéadú sa chion modha a bheidh ann do rotháíocht agus méadú a chur ar úsáid an líonra bus sa Chontae. Cuirfear béim freisin ar thacú leis an líne iarnróid go dtí an Uaimh de réir na Straitéise Iompair do Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035.

5.7.1 Iarnród

Faoi láthair tá fáil ar sheirbhís iarnróid ag stáisiúin i nDún na Bóinne, An Bealach (M3 Parkway), An Bóthar Buí, An Inse agus seirbhís teoranta a cuirtear ar fáil ó Bhaile Mhic Gormáin. Baineann áitritheoirí Chontae na Mí úsáid freisin as stáisiúin traenach atá an-chóngarach don Chontae - Maigh Nuad, Cill Choca, Cluain Saileach, Droichead Átha agus Baile Brigín. Tá feidhm le praghsanna iarnróid Chríos an Turais Ghearr (SHZ) a oibríonn Iarnród Éireann chomh fada le Baile Brigín agus Cill Choca. De bharr chomh gar is atá roinnt stáisiún traenach i gContae na Mí, i.e. An Inse, Baile Mhic Gormáin agus An Bóthar Buí, tá tionchar neamh-inmhianaithe ag an difríocht sa phraghas ar iompar úsáideoirí. Tá sé ag cur úsáideoirí iarnróid ar mhalairt slí cuid mhaith chun úsáid a bhaint as stáisiúin lasmuigh den Chontae chun tairbhe a bhaint as táillí níos saoire agus dá bharr sin táthar ag cruthú níos mó brú tráchta ag ionaid áirithe. Ní modh inbhuanaithe é seo agus gheobhaidh an fhadhb níos measa sa todhchaí mar go bhfuil fás ag teacht ar an daonra i gContae na Mí. Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta ar oibriú le hIarnród Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú praghsanna iarnróid Chríos an Turais Ghearr (SHZ) agus é a spreagadh le síneadh a chur air chuig stáisiúin san Inse, i mBaile Mhic Gormáin agus ar An mBóthar Buí.

Is tosaíocht é ag an bPlean Forbartha Náisiúnta seirbhísí mear leictirithe ard-mhinicíochta a chur ar fáil go Droichead Átha ar Líne an Tuaiscirt a stopann ag stáisiúin Bhaile Mhic Gormáin agus na hInse sa Chontae agus chuig M3 Parkway ar Líne Mhaigh Nuad/Sligeach. Meastar go bhfuil deis ann stáisiún iarnróid nua a shocrú i mBaile an Bhiataigh chun feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí iarnróid do mhuintir Bhaile an Bhiataigh agus chun patrúin taistil níos inbhuanaithe a spreagadh in

⁵ [Leathanach 144 Tionscadal Éireann 2040- Creat Náisiúnta Pleanála](#)

Oirthear na Mí, mar chuid d'oibreacha leathnaithe an DART go Droichead Átha tríd an leictriú atá beartaithe d'iarnród an Tuaiscirt agus uasghrádú a bhaineann leis ar an líonra iarnróid. Tacaíonn an Plean seo le tosaíocht a thabhairt do na tionscadail sin agus leanfaidh sé ag tacú le TII chun feabhsúcháin iarnróid agus uasghrádú a chur i bhfeidhm ar fud an Chontae⁶. Thacódh an Chomhairle freisin le stáisiún iarnróid breise a sholáthar i gceantar máguaird Thuaisceart Dhroichead Átha, os rud é go bhfuil Droichead Átha ainmnithe mar Ionad Fáis Réigiúnach.

Is príomhspríoc ag an Údarás Áitiúil i gcónaí é iarnród a sholáthar idir An Bealach (M3 Parkway) agus An Uaimh chun éascaíocht a dhéanamh ar an bpríomhbhaile mar atá ainmnithe sa RSES sa Chontae. Tugadh tacaíocht dó sin san SRSE a raibh spríoc ann chun 'tacú le roinnt tionscadail iarnróid a sheachadadh ar a n-áirítear an síneadh ar an líne ó Dhún Búinne/Ollpháirc M3 go dtí an Uaimh a chur i bhfeidhm le linn an Athbhreithnithe Lártéarma de Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.' Faoi láthair tá seirbhís iarnróid ó na dhá cheanncheathrú déag riaracháin go Baile Átha Cliath cé is moite den Uaimh rud a fhágann ar mhíbhuntáiste é ó thaobh iomaíochais⁷. Neartóidh an bonneagar criticiúil seo na ceangail iompair sa Chontae nuair a dhéanfar é a sheachadadh agus cuirfidh sé feabhas mór ar iomaíocht eacnamaíoch an Chontae chomh maith le feabhas fiúntach a chur ar chaighdeán maireachtála áitritheoirí an Chontae.⁸

Bhí cuid mhaith den ullmhúchán ar iarratas Ordú Iarnróid ar Chéim II de thionscadal Iarnróid na hUaimhe críochnaithe agus áirítear ar seo Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus Measúnú Cuí Natura 2000 in 2011. Roghnaíodh bealach a bhí ag luí cuid mhaith le bealach stairiúil an iarnróid ón Uaimh - Baile Átha Cliath mar an rogha ab fhearr le daoine agus bhuail Iarnród Éireann faoi chomhairliúcháin leathana le hoifigigh Chomhairle Contae na Mí agus le páirtithe leasmhara ábhartha. Tugann an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 achoimre ar staid beartais an NTA maidir le Céim II de Líne iarnróid na hUaimhe a sheachadadh agus tugann sé faoi deara gur moladh agus gur rinneadh an síneadh ar an líne iarnróid comaitéara go dtí an Uaimh a mheas cheana mar chuid den scrúdú ar chonair na hUaimhe-Dún na Bóinne-Baile Bhlainséir-Cathair Bhaile Átha Cliath. Luann sé *'bunaithe ar thuartha reatha daonra agus fostaíochta, nach bhfuil leibhéal an éilimh taistil idir an Uaimh, Dún Seachlainn agus stáisiún áirithe chuig lár na cathrach dóthanach chun ceangal líne iarnróid ar acmhainneacht ard a fhorbairt ag an am seo. Tá sé i gceist mar chuid den chéad athbhreithniú eile ar an Straitéis, go ndéanfar athmheasúnú ar an úsáid ar dócha a bhainfí as ceangal iarnróid go dtí an Uaimh amach anseo, ag tógáil san áireamh an leibhéal forbartha a bheidh déanta thar na sé bliana seo amach romhainn san Uaimh agus i nDún Seachlainn agus sna ceantair máguaird. Nó go mbeidh an t-athbhreithniú sin tarlaithe, ba chóir an chonair a haithníodh roimhe seo mar cheangal iarnróid go dtí An Uaimh a chosaint ó aon fhorbairt a thiocthadh sa bhealach air⁹.*

Leanann an plean le seasamh beartais láidir lena chinntiú go ndéantar an t-ailíniú deartha sonraithe a chosaint ó aon fhorbairt bhreise, agus go síneann an chosaint seo freisin chuig stáisiún fhéideartha agus chuig láithreacha páirceála agus taistil ar feadh an bhealaigh. Cinnteoidh an Plean seo go ginearálta go mbeidh an bealach deartha do Chéim II do líne iarnróid na hUaimhe (mar a dheimhnigh an NTA) curtha in áirithe saor ó fhorbairt go ginearálta, trí Chonair Iarnróid R1 spríoc críosaithe ar leith a chuimsiú a fhéachann le *'soláthar a dhéanamh ar chonair iarnróid straitéiseach agus bonneagar fisiceach a ghabhann leis'* (mar a léiríodh i Sraith Mapaí Uimh. 5.1).

⁶ [Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, leathanach 58:](#)

⁷ Tá Metro Thuaidh Shoir a thabhairt chun críche san áireamh.

⁸ Agus é seo á scríobh, ba ábhar Dréacht-threoir ón Aire é an t-ábhar seo.

⁹ [Straitéis an ÚNI do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, leathanach 56:](#)

Táthar ar an aird freisin go gcuireann tacaíocht a thug an RSES don tionscadal le déanaí, agus ar thacaigh Co. Co. na Mí go láidir leis feabhas suntasach ar ionchais amach anseo go ndéanfar an bun-bhonneagar seo a sheachadadh do Chontae na Mí agus do Chroí-bhaile ainmnithe na hUaimhe.

Is é beartas na Comhairle:

BEA GLU 5	Leanúint go gníomhach leis an síneadh ar an líne ó Dhún na Bóinne/M3 Parkway go dtí An Uaimh a chur i bhfeidhm le linn Athbhreithnithe Lártearma Straitéis Iompair Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath de réir orduithe an RSES agus i gcomhar le hIarnród Éireann ¹⁰ .
BEA GLU 6	Seachadadh Chéim II de thionscadal iarnróid na hUaimhe agus na seirbhísí iarnróid a ghabhann leis a spreagadh, a éascú agus a chur chun cinn i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha eile.
BEA GLU 7	Tacú le Clár leathnaithe an DART ar a n-áirítear bonneagar nua agus na línte atá ann a leictriú, lena n-áirítear seirbhísí leictrithe a chur ar fáil go Droichead Átha, Maigh Nuad agus an M3 Parkway ar líne Mhaigh Nuad/Shligigh agus ar Líne Iarnróid Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste/Ó Thuaidh.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS GLU 2	Feabhas a chur ar áiseanna ag stáisiúin atá ann cheana, i gcomhar leis an NTA agus le hIarnród Éireann.
CUS GLU 3	(a) An ailíniú deartha mionsonraithe ar Chéim II ar bhealach iarnróid na hUaimhe agus na tailte mórtimpeall (láithreacha stáisiún aitheanta san áireamh), mar a léirítear i Sraith Mapaí Uimh. 5.1 in Eagrán 4, a chumhdach agus a chosaint saor ó aon fhorbairt nó ó aon chúngach trí húsáidí mí-chuí a d'fhéadfadh comhghéilleadh a dhéanamh ar fhorbairt air amach anseo mar áis iarnróid. (b) Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht le craobhlíne iarnróid a chur le líne iarnróid na hUaimhe-Baile Átha Cliath amach anseo, ó Dhún Seachlainn chun freastal ar Chill Dhéagláin agus Ráth Tó, i gcomhar le hIarnród Éireann agus le páirtithe leasmhara eile.
CUS GLU 4	Uasghrádú ar stáisiúin iarnróid atá ann cheana a éascú agus a spreagadh, agus tailte a chosaint atá ag teastáil le línte iarnróid agus stáisiúin atá ann cheana a uasghrádú nó stáisiúin iarnróid nua a chur ar fáil ar fud an Chontae, de réir mar a bhíonn gá leis.
CUS GLU 5	Éascaíocht a dhéanamh ar stáisiún traenach a chur ar fáil ag Baile an Bhiataigh (in éineacht leis an stáisiún atá ann cheana féin ag an Inse) mar chuid d'oibreacha leathnaithe an DART chomh fada le Droichead Átha tríd an leictriú atá beartaithe ar líne iarnróid an Tuaiscirt ag Iarnród Éireann.
CUS GLU 6	A bheith ag spreagadh, ag cur tacaíocht ar fáil agus ag obair i gcomhar le hIarnród Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúchán phraghsanna iarnróid Chrios an Turais Ghearr (SHZ) le go ndéanfaí síneadh air chuig na stáisiúin san Inse, i mBaile Mhic Gormáin, ar an mBóthar Buí agus i nDroichead Átha.

¹⁰ Tá sé seo faor réir Dréacht-threorach ón Aire a eisíodh maidir le SRSE 2019-2031.

CUS GLU 7	Tacú le stáisiún traenach breise a sholáthar i gceantar máguaird Thuaisceart Dhroichead Átha mar chuid den Chomhphlean Uirbeach amach anseo.
CUS GLU 8	Iníúchadh a dhéanamh ar fhéidearthacht stáisiúin traenach i gcomhar le hIarnród Éireann agus Comhairle Contae Lú mar chuid den Plean Comhpháirteach Limistéir Uirbigh.

5.7.2 Bus

Tá feabhsúcháin suntasacha curtha ar cháilíocht agus ar mhinicíocht seirbhísí bus chuig agus ó ionaid uirbeacha Chontae Bhaile Átha Cliath agus chuig ionaid réigiúnacha eile. Ritheann Bus Éireann seirbhísí Comaitéara agus/nó Luasbhealaigh chuig agus ó gach mórionad fostaíochta i gContae Bhaile Átha Cliath faoi láthair. Léiríonn an leibhéal ard seirbhíse an fhíric freisin go dtéann seirbhísí luasbhealaigh náisiúnta eile a bhíonn ag dul chuig an Iarthuaisceart agus chuig an Iarthar tríd an gContae. Cuireann Bus Éireann seirbhísí iompair poiblí ar fáil freisin a cheanglaíonn ionaid daonra sa Chontae agus ionaid i gcontaetha atá taobh leis amhail Droichead Átha go dtí an Uaimh, An Uaimh go Ceanannas agus An Uaimh go Baile Átha Troim. Tá forbairt agus feabhas ag teacht ar líonra comaitéara Bhus Éireann isteach go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath an t-am ar fad chun freastal ar phróifíl déimeagrafach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath atá ag athrú. Tá roinnt seirbhísí príobháideacha ar a n-áirítear Ashbourne Connects, Collins, agus Matthews Coaches a dhéanann freastal ar ionaid daonra in Oirthear na Mí ag rith freisin agus tá ról tábhachtach acu le freastal ar éileamh fhoriomlán na seirbhísí iompair. Bíonn siad sin in iomaíocht agus cuireann siad leis na soláthair iompair phoiblí atá ag Bus Éireann faoi láthair. Cuireann Bus Éireann seirbhísí bhus áitiúil ar fáil san Uaimh. Cuireann Bus Átha Cliath leis na bealaí bus náisiúnta i gCluain Aodha, i gCill Dhéagláin, i Ráth Tó agus i nDún Búinne.

In ainneoin an leibhéil ard seirbhíse seo, tá roinnt scrúduithe déanta ag an NTA, mar chuid den straitéis iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, a aithníonn na bealaí sin ina ndéanann an éileamh riachtanach é go ndéanfaí leibhéal shuntasacha infheistíochta chun laghdú a chur ar mhoilleanna, i gcomhthéacs infheistíocht shrianta i mbonneagar iompair mhóra amach anseo. Ináirithe ar na feabhsúcháin, beidh soláthar lána bus níos fearr ar na conair sin, le moilleanna atá ann faoi láthair ar an líonra bus sna láithreacha ábhartha a bhaint as agus a chur ar chumas sheirbhísí bus malairt níos sciobtha ná trácht carranna a chur ar fáil ar na bealaí sin.

Aithníodh Croílíonra Bus, ag teacht ón anailís seo a chuimsíonn sé chonair déag bus gathach, trí chuarlána bus agus sé chonair réigiúnach bus agus téann trí cinn díobh trí Chontae na Mí ar a n-áirítear;

1. M1, trí Thollán Chalafort Bhaile Átha Cliath

- Déanann sé freastal ar chianbhealaí bus ó Bhéal Feirste, Dún Dealgan, Doire, Muineachán agus Droichead Átha; agus
- Déanann sé freastal ar bhealaí bus réigiúnacha eile ó Bhaile Brigín, na Sceirí agus Oirthear na Mí.

2. M2, trí Thollán Chalafort Bhaile Átha Cliath

- Déanann sé freastal ar bhealaí bus réigiúnacha ó Chill Dhéagláin agus ó Bhaile Shláine.

3. M3/ N3, trí Bhóthar na hUaimhe

- Déanann sé freastal ar bhealaí bus réigiúnacha ón gCabán, an Uaimh, Baile Átha Troim agus Dún Seachlainn.

De bharr na srianta maoinithe ar mhórchláir iompair molann an NTA go dtabharfaí tosaíocht d'fheabhsúcháin ar Mhórlána Bus agus go gcuirfí i bhfeidhm iad. Ar na tionscadail a bhaineann go

sonrach leis an gContae agus atá molta faoi Straitéis Iompair an NTA do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 tá seo a leanas ináirithe:

- Seirbhís fheabhsaithe bus ar an M3/N3
- Mol bus a chur ar fáil san Uaimh
- Feabhas a chur ar sheirbhísí bus ar an N2

Cuirfear infheistíochtaí ar fáil freisin chun cothabháil a dhéanamh ar an líonra bus atá ann cheana lasmuigh den chroílíonra bus a d'aithin an NTA, bearta tosaíochta bus a chur ar fáil ag láithreacha a bhfuil moilleanna ag laghdú na héifeachtúlachta san áireamh. Cuirfear maoiniú ar fáil freisin d'fheabhsúcháin bhonneagair éagsúla bus maidir le stadanna bus, eolas taistil agus scáthlín bhus.

Tá minicíocht mhéadaithe ann ar sheirbhísí bus áitiúla de bharr bhunú Flexibus, Meath Accessible Transport Ltd, ach go háirithe.¹¹ Ritheann Flexibus bealach laethúil idir Bhaile Átha Troim agus An Uaimh chun cabhrú le paisinéirí ar mian leo rochtain a fháil ar oideachas, ar oiliúint nó ar fhostaíocht. Tá seirbhísí seachtainiúla rialta ag rith idir roinnt bailte agus sráidbhailte agus tá fáil ar sheirbhísí Bus ar Ghlaoch ó roinnt ionad. Tá an feabhas atá tagtha ar iompar poiblí idir bailte móra agus idir sráidbhailte agus bailte thar a bheith tábhachtach chun laghdú a chur ar iargúlacht agus chun feabhas a chur ar cheangaltais idir bailte, sráidbhailte agus na ceantair máguaird.

Is é beartas na Comhairle ná:

BEA GLU 8	Comhoibriú leis an ÚNI agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile chun athbhreithnithe leanúnacha a dhéanamh ar líonraí na mbealaí bus i gContae na Mí, agus chun oibrítheoirí iompair poiblí a spreagadh agus tacú leo chun seirbhísí bus níos fearr a chur ar fáil sa Chontae agus ar feadh an Chontae.
BEA GLU 9	A chinntiú go bhfuil dearadh agus pleanáil bhonneagar agus sheirbhísí iompair de réir phrionsabail shábháilteacht inbhuanaithe, chun go dtógtar an speictream riachtanais is leithne san áireamh, ar a n-áirítear coisithe, rothaithe, an pobal ata ag dul in aois agus iad sin a bhfuil mallachair ghluaisteachta acu.
BEA 10 GLU	A chinntiú go leagtar amach na forbairtí nua sna Lárionaid Réigiúnacha Fáis, na Croí-bhailte, na Bailte Féinchothabhálacha Fáis agus na Bailte Féinchothabhálacha chun éascaíocht a dhéanamh ar sheirbhísí bús áitiúil agus áiseanna Páirceála agus Taistil a chur ar fáil, de réir mar is iomchuí.
BEA GLU 11	Modhanna iompair malartacha ar an gcarr príobháideach a éascú i gcomhar le gníomhaireachtaí reachtúla cuí, a áiríonn seirbhísí feabhsaithe iompair poiblí a sholáthar ar chonairí réigiúnacha (mar a shainmhíonn Straitéis Iompair an NTA do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035); seirbhísí áitiúla rialta bus a nascann limistéir chónaithe le Lár Cheantair agus Lár Bhaile, agus a fhreastalaíonn ar cheantair siopadóireachta, ceantair fostaíochta agus ionaid eile gníomhaíochta freisin, agus naisc acu le príomhphointí idirthurais iompair.
BEA GLU 12	Tacú le moltaí a cuireadh i láthair i Straitéis Iompair an NTA do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 agus aon athbhreithniú eile a lean é a chur i bhfeidhm.

¹¹ Tá Flexibus ar cheann de na tionscail ar fud na tíre, a ndéanann an Roinn Iompair maoiniú orthu faoin Tionscnamh Iompair Tuaithe. D'iompair Flexibus os cionn 114,144 paisinéir in 2016 (fuarthas na figiúirí ó Flexibus).

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS GLU 9	Bearta tosaíochta bus a chur ar fáil ar bhonneagar atá ann cheana agus ata beartaithe, nuair is cuí, i gcomhar leis an NTA, le Bus Éireann agus leis an TII ¹² (nuair is cuí).
CUS GLU 10	Easnaimh a aithint i mbonneagar bus agus liosta tosaíochta a fhorbairt mar bhonn chun maoiniú a fháil d'oibreacha feabhsúcháin, ar a n-airítear scáthláin bus, stadanna bus agus eolas taistil ag stadanna.
CUS GLU 11	Pleananna Bainistíochta Gluaisteachta agus Measúnuithe Tráchta a éileamh do dhian-fhorbairtí turais atá molta, mar is cuí. Tagair le do thoil do Chaibidil 11 Caihdeáin Bainistíochta Forbartha agus Spriocanna Críosaithe Talamhúsáide.
CUS GLU 12	Mol Iompair Poiblí a sheachadadh san Uaimh, i gcomhar leis an ÚNI agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun freastal ar sheirbhísí bus náisiúnta, comaitéara, réigiúnach agus áitiúil.
BEA GLU 13	Oibriú leis an ÚNI agus le Bus Éireann chun go mbeadh gach seirbhís iompair phoiblí atá ann cheana féin ar fud an chontae níos inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus dóibh siúd faoi mhíchumas.
BEA GLU 14	Oibriú leis an ÚNI agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun seirbhísí bus a sholáthar i bpobail tuaithe ar fud an Chontae.

5.7.3 Áiseanna Páirceála agus Taistil

Comhtháthaíonn áiseanna Páirceála agus Taistil úsáid charranna le hiompar poiblí agus cabhraíonn sé leo siúd atá ina gcónaí in áiteanna iargúlta nach bhfaigheann freastal maith ó iompar poiblí rochtain ar cheangail iompair phoiblí. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh áiseanna páirceála agus taistil feabhas ar inrochtaine iompair poiblí gan cur an iomarca le brú bóthair, nó leis an fhad iomlán a thaistealaíonn carr. Níor chóir ionaid pháirceála agus taistil a chur in áiteanna arbh fhéidir go spreagfadh siad úsáideoirí iompair a mbeadh rochtain acu ar iompar poiblí go háitiúil tiomáint níos faide chun teacht ar ionad agus ar an mbealach sin cur le brú.

Meastar dá réir sin go bhfuil sé ábhartha beartas a chur sa Phlean le scéimeanna Páirceála agus Taistil a chur ar fáil a chuireann feabhas ar inrochtaine ar iompar poiblí. Déanfar na scéimeanna sin a fhorbairt ag ionaid chuí nach mbeidh brú bóthair níos measa dá mbarr agus nach gcuirfidh leis an fhad a thaistealaíonn carranna. Beidh na hionaid sin in aice le conair bóthar ar ardchaihdeán ag teacht ó Láir-bhailte a bhfuil tosaíocht mhaith bus acu le cinn scríbe comaitéara sa cheantar uirbeach.

Is é beartas na Comhairle:

BEA GLU 13	Soláthar áiseanna Páirceála agus Taistil a spreagadh ag láithreacha cuí laistigh den Chontae a chuireann feabhas ar inrochtaine iompair poiblí gan brú bóthair a dhéanamh níos measa, nó a chuireann leis an fhad a thaistealaíonn carranna, agus tacú leo.
------------	---

¹² Ba é an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) an comhlacht stáit ar a raibh an fhreagracht as an ngréasán náisiúnta bóithre. Bunaíodh an ÚBN mar chuid Acht na mBóithre, 1993 agus thosaigh na hoibríochtaí aide ar an 23 Nollaig 1993 i gcomhréir le S.I. 407 de 1993. Cumascadh an ÚBN leis an [nGníomhaireacht Soláthair Iarnróid](#) agus díscaoileadh é le héifeacht ón 1 Lúnasa 2015. [Bonneagar Iompair Éireann](#) (TII) a ghlaotar ar chumasc an dá ghníomhaireacht.

BEA GLU 14	Tacú leis an NTA chun bealaí bus a leathnú chuig Stáisiún Traenach M3 Parkway chun áis le ilmhodhanna straitéiseacha páirceála agus taistil a sheachadadh ag an láthair seo.
------------	--

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS GLU 15	An fhéidearthacht atá ann d'áiseanna Páirceála agus Taistil bunaithe ar bhusanna, go háirithe in aice le conairí bóthar ar ardchaighdeán ag teacht ó lonnaíochtaí sa Chroícheantar, le tosaíocht mhaith bus acu le cinn scríbe comaitéara i gceantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath a mheas agus a shocrú.
CUS GLU 16	Tailte oiriúnacha a aithint agus a fhorbairt chun áiseanna Páirceála agus Taistil a chur ar fáil ag láithreacha cuí laistigh den Chontae.
CUS GLU 17	Tailte oiriúnacha a aithint agus a fhorbairt chun áiseanna breise Páirceála agus Taistil a chur ar fáil ag láithreacha cuí san Uaimh.
CUS GLU 18	Tacú le seachadadh áise nua do pháirceáil carranna ag Stáisiún Traenach na hInse i gcomhar leis an NTA agus le hIarnród Éireann.
CUS GLU 19	Soláthar ar áis nua do pháirceáil carranna a éascú ag Stáisiún Traenach an Bhóthair Bhuí i gcomhar leis an NTA agus le hIarnród Éireann.
CUS GLU 20	Struchtúir oiriúnacha mhuirir a chur i bhfeidhm d'áiseanna Páirceála agus Taistil sa chaoi go mbeidh sé níos dóchúla go bhfaighidh na daoine a bhfuil an tseirbhís ag teastáil uathu (i.e. iad siúd atá os cionn fad siúil uaidh agus nach bhfuil roghanna malartacha ar iompar poiblí ar fáil dóibh), go bhfaighidh siad páirceáil. Ina theannta sin, bearta oiriúnacha a chur i bhfeidhm, mar is cuí, ar bhóithre áitiúla in aice le háiseanna Páirceála agus Taistil chun é a dhéanamh deacair do chomaitéirí páirceáil ar bhóithre mar sin.

5.7.4 Tacsáí

Is gné rí-thábhachtach iad seirbhísí inrochtana tacsáí agus hacnaí sa tairiscint ar iompar poiblí a chuireann seirbhís 24 uair an chloig ó dhoras go doras ar fáil ar éileamh. Is minic gurb iad tacsaithe inrochtana an t-aon mhodh iompair poiblí a bhíonn ar fáil dóibh siúd a bhíonn ag úsáid cathaoireacha rotha nó a bhfuil mallachair ghluaisteachta acu. Is réamhriachtanas bunriachtanach í seirbhís iompair phoiblí chomhtháite inrochtana le go mbeidh daoine atá faoi mhíchumas in ann páirt a ghlacadh i ngnáthghníomhaíochtaí laethúla m.sh. obair, oideachas, fóillíocht agus gníomhaíochtaí sóisialta. Tá sé i gceist ag Straitéis an NTA sprioc de 10% den flít a bhaint amach do thacsaithe atá inrochtana do chathaoireacha rotha faoi 2020, agus go mbeadh rochtain ag cathaoireacha rotha sa flít iomlán faoi 2035. Tá sé inmhianaithe go mbeadh tacsaithe nua-aimseartha agus oiriúnach do riachtanais úsáideoirí uile, agus nach mbeadh an iomarca tionchair acu ar cháilíocht aeir áitiúil nó ar astaíochtaí CO₂.

Leanfaidh an Chomhairle ag tacú le feabhsúcháin sna seirbhísí tacsáí agus hacnaí sa Chontae agus féachfaidh siad lena chinntiú go gcuireann na seirbhísí iompair phoiblí uile lena chéile trí dheiseanna idirthurais éifeachtacha ar fud an Chontae.

Tagair freisin le do thoil do Chaibidil 11 Caighdeáin Bainistíochta Forbartha agus Spriocanna Críosaithe Talamhúsáide.

Is é beartas na Comhairle:

BEA GLU 15 Tacú le agus éascaíocht a dhéanamh ar sholáthar sheirbhís inrochtana tacsáí agus hacnaí sa Chontae go háirithe sna príomhionaid uirbeacha.

Beidh sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS GLU 21 Áiseanna idirthurais iompair poiblí a chur ar fáil, ar a n-áirítear áiseanna do thacsaithe, ag pointí cuí ar an líonra iompair poiblí go háirithe sna príomhionaid uirbeacha i gcomhar leis an ÚNI.

CUS GLU 22 Forbairt ar stadanna tacsáí atá ainmnithe i gceart a éascú chun feabhas a chur ar bhonneagar agus ar sheirbhísí iompair poiblí ag láithreacha oiriúnacha amhail forbairt mhiondíola agus áiseanna fóillíochta i gcomhar leis an ÚNI.

5.7.5 Feithiclí Leictreacha (EV)

Ciallaíonn Feithiclí Leictreacha (EV) Feithiclí Leictreacha le Cadhnra (BEV) agus Feithiclí Leictreacha Hibrid Inluchtaithe (PHEV) araon. Ag teacht le sprioc an Rialtais carranna agus veaineanna nua uile a leictriú faoi 2030, admhaíonn an CNP an gá atá ann le bogadh ó *'chóras tiomána a thruaillíonn agus atá dian ar charbón chuig teicneolaíochtaí nua amhail feithiclí leictreachais agus córais leictreach agus buntarraingthe hibrídeacha a thabhairt isteach do flíteanna iompair poiblí'*. Tá roinnt pointí luchtaithe ar fud an Chontae agus spreagann an Plean seo leathnú a dhéanamh ar na pointí luchtaithe agus tuilleadh acu a shuiteáil do na feithiclí sin chun spriocanna 2030 a bhaint amach le go mbeidh leictriú iomlán ann.

Tá sé mar bheartas ag an gComhairle:

BEA GLU 16 Cabhrú le bonneagar luchtaithe leictreachais a chur ar fáil d'fheithiclí leictreachais ar an tsráid agus i bhforbairtí nua araon de réir chaighdeáin pháirceála carranna agus dea-chleachtais.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS GLU 23 Éascaíocht a dhéanamh ar bhonneagar luchtaithe leictreachais a chur ar fáil d'fheithiclí leictreachais ar an tsráid agus i bhforbairtí nua araon de réir chaighdeáin pháirceála carranna agus dea-chleachtais.

CUS GLU 24 Dul i gcomhairle agus comhoibriú le gníomhaireachtaí cuí chun tacú leis an bhfás ar fheithiclí leictreacha agus ar Rothair Leictreacha agus é a spreagadh le háiseanna/bonneagar tacaíochta trí phointí luchtaithe breise a chur i bhfeidhm i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha ag láithreacha cuí ar a n-áirítear aiseistiú a dhéanamh ar phointí luchtaithe atá in ionaid uirbeacha agus in áiseanna páirceála agus taistil cheana.

5.7.6 Rothaíocht & siúl

Aithníonn an Chomhairle gur bealaí gluaiseachta iad rothaíocht agus siúl atá folláin, sábháilte, slán ó thaobh na héiceolaíochta de agus ceart go sóisialta. Is iad rothaíocht agus siúl na modhanna iompair is inbhuanaithe atá ar fáil maidir le na tionchair dhearfacha atá acu ar an timpeallacht. Cuireann straitéis Iompair an NTA i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath béim ar an riachtanas atá le bonneagar breise siúil agus rothaíochta sa réigiún agus tugann sé achoimre ar roinnt feabhsúcháin

a bhfuil gá leo chun níos mó daoine a spreagadh le siúl, a áiríonn feabhsúcháin ar an timpeallacht atá ann do dhaoine a bhfuil mallachair ghluaiseachta, radhairc agus éisteachta orthu.

Is féidir le beartas pleanála siúl a spreagadh chun go mbeidh sé ar an bpríomhmhodh gluaiseachta do thurais ghearra trí úsáidí talún a shocrú agus dearadh uirbeach maith a úsáid. Má cuirtear líonra cuimsitheach cosán atá sábháilte, le solas maith agus caoithiúil (le taobh an bhóthair agus deighilte araon) ar fáil laistigh de cheantair chónaitheacha nua a bhfuil ceangail acu le scoileanna, le lárionaid comharsanachta áitiúil, le stadanna iompair phoiblí agus le láithreacha oibre tabharfaidh sé spreagadh do dhaoine níos mó siúil a dhéanamh. Leanfaidh an Chomhairle le feabhas a chur ar áiseanna siúil sa Chontae i gcomhar leis an NTA.

Rinne an NTA coimisiúnú ar Phlean Líonra Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, mar thoradh ar na spriocanna uailmhianacha a bhfuil achoimre orthu sa Chreat Beartais Rothaíochta Náisiúnta (NCPF) a fhéachann le go ndéanfaí 10% de na turais uile in 2020 ar rothar. Tugann an cháipéis seo achoimre ar an mbonneagar atá ann cheana, agus a bhfuil gá leis i gceantair uirbeacha agus tuaithe an réigiúin araon. Tabharfaidh an t-eolas a bhfuil achoimre air sa tuarascáil tosaíocht do thionscadail bhonneagair rothaíochta maidir leis an tábhacht don líonra straitéiseach agus an t-éileamh rothaíochta ar dócha a bheidh ann do scéim mar sin. Tá straitéis bunaithe ar fhianaise curtha ar fáil ag an bPlean Líonra do na hÚdaráis Áitiúla chun bonneagar rothaíochta a chur i bhfeidhm a mbeidh torthaí inbhraite le feiceáil ar infheistíocht.

Is í an cheist bhunúsach a thagann ón NCPF maidir leis an gContae ná chomh deighilte is atá an líonra rothair atá ann cheana. Is rud coitianta é droch cheangail a bheith ann laistigh de bhailte chomh maith le heaspa ceangal líonra idir ionaid uirbeacha. D'aithin an NCPF ceangail féideartha sa líonra agus luaigh siad go háirithe an fhéidearthacht le Cill Dhéagláin, Rath Tó agus Dún Seachlainn a cheangal mar chnuasach.

Cé go raibh rath ar an gComhairle maidir le feabhsúcháin a dhéanamh ar an líonra rothaíochta le blianta gairide, leanfaidh sí le hiarrachtaí le feabhsúcháin a dhéanamh sa réimse seo de réir mholtaí an NCPF.

Tá ag éirí go maith leis an gComhairle maidir le clár an Ghlasbhealaigh a chur i bhfeidhm agus bhí rath ar Ghlasbhealach na Bóinne agus an obair atáthar a dhéanamh ar Glasbhealach na Canála Ríoga a bhfuil súil a bheith críochnaithe in 2019 agus atá mar thosaíocht ag an Rialtas¹³. Leanfaidh an Chomhairle ina hiarrachtaí le tuilleadh áiseanna glasbhealaigh a chur ar fáil sa Chontae, ar a n-áirítear gach céim sa todhchaí de Ghlasbhealach na Bóinne faoi réir comhthoil chuí a fháil agus céimeanna breise de Ghlasbhealach na Canála Ríoga atá mar chuid den Bhealach Eurovelo san Eoraip¹⁴. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar Ghlasbhealach na Bóinne agus tá maoiniú faighte faoin gCiste Glasbhealaigh Náisiúnta agus Réigiúnaí chun cumasú a dhéanamh ar phleananna leis an gcuid ón Uaimh go Sí an Bhrú a bhrú chun cinn. Tá deis ag an gComhairle oibriú i gcomhar le Comhairlí Chontae Fhine Gall agus Lú maidir le comh-mholtaí chun bealach rothair a fhorbairt idir Sí an Bhrú agus Teach Newbridge, Domhnach Bat.

Aithníonn an ERSE go bhfuil an fhéidearthacht ann do líonra glasbhealach náisiúnta ó chósta go cósta, ar a n-áirítear Bealaí na Canála Ríoga agus na Canála Móire agus na Bearú, agus le conairí réigiúnacha bunaithe ar uisce ar feadh Ghlasbhealach Chonair an tSean Iarnróid, agus Glasbhealach na Bóinne go Fearann an Locha ar sheanlíne Dhún an Rí. Chuir Comhairle Contae na Mí isteach ar mhaoiniú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun Glasbhealach Fhearann an Locha

¹³ [Plean Forbartha Náisiúnta, leathanach 52](#)

¹⁴ Le tuilleadh faisnéis a fháil ar fhorbairt an ghlasbhealaigh, féach ar Chaibidil 4 Forbairt Eacnamaíoch.

(An Uaimh - Dún an Rí) a bhrú ar aghaidh¹⁵ agus beidh sé mar chuid den ghlasbhealach thuaidh a bheidh ag síneadh isteach i gcontaetha an Chabháin, Mhuineacháin agus Lú.

Aithnítear tionscadail glasbhealaigh trasteorainn laistigh den CNP mar dheis chun nochtadh margaí a uasmhéadú ó dhearcadh na turasóireachta de agus tacaíonn an cháipéis seo le bealach rothaíochta fadraoin Thuaidh - Theas a chur ar fáil. Féachfaidh an Chomhairle le tacú le Glasbhealach Thuaidh - Theas a chur ar fáil i gcomhar le hÚdarás Áitiúla in aice léi agus leo siúd i dTuaisceart Éireann. Seoladh an Straitéis chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na Glasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha i Mí Iúil 2018. Tá sprioc ináirithe ag an RSES tacú le síneadh a chur ar Ghlasbhealach na Bóinne chun An Uaimh a thabhairt isteach le roghanna iompair inbhuanaithe a spreagadh agus mar shócmhainn fóillíochta don bhaile.

5.7.7 Scoileanna Glasa

Is clár oideachais le téama timpeallachta, córas bainistíochta timpeallachta agus scéim dhámhachtainí é clár na Scoileanna Glasa a spreagann agus a admhaíonn gníomhaíocht fhadtéarmach, uile-scoile don timpeallacht. Is í an aidhm atá le Scoileanna Glasa ná ardú a chur ar fheasacht dhaltaí agus rannpháirtithe ar cheisteanna timpeallachta agus an t-eolas seo a aistriú isteach i ngníomh dearfach timpeallachta sa scoil agus sa phobal níos leithne. Tá ceann de théamaí na Scoileanna Glasa dírithe ar Thaisteal. Is éard atá i gceist le Busanna Scoile ag Siúl ná daoine fásta a bheith ag tionlacan dhaltaí agus iad ag siúl chuig agus ón scoil ar bhealaí socraithe, agus go mbeadh leanaí ag teacht isteach sa bhus siúlóide ag láithreacha éagsúla glacachta ar feadh an bhealaigh. Tosaíonn go leor scoileanna an Bus Scoile ag Siúl ar bhonn lá amháin sa tseachtain agus cuireann siad lena sceideal in imeacht ama. Is féidir úsáid a bhaint as tionscnaimh ar nós Seachtain Siúil chuig an Scoil/Siúil Dé Céadaoin chun leanaí a spreagadh le bheith níos gníomhaí ina bpobail. Déanann clár mar sin éasca é do leanaí siúl go sábháilte chuig agus ón scoil, agus fáil cleachta ar an modh taistil seo. Leanfaidh an Chomhairle ag tacú leis An Taisce chun clár na Scoileanna Glasa a fhorbairt ar fud an Chontae.

Tá sé mar bheartas ag Comhairle Contae na Mí:

BEA GLU 17	Líonra rothaíochta agus siúlóide straitéiseach atá comhleanúnach agus ar ardchaighdeán trasna an Chontae agus atá comhtháite le hiompar pobail agus idircheangailte le cinn scríbe agus le tarraingteacha cultúrtha, fóillíochta, miondíola, oideachasúla agus fostaíochta a aithint agus a chur i bhfeidhm.
BEA GLU 18	Tacú le bealach(bealaí) siúlóide/rothaíochta fadraoin idircheangailte a chur ar fáil idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.
BEA GLU 19	Tacú leis an NTA le plan líonra straitéiseach coisithe a fhorbairt do phríomhionaid uirbeacha an Chontae ¹⁶ .
BEA GLU 20	Spreagadh a dhéanamh ar shlite rothar atá sábháilte agus éifeachtach, cosáin inrochtana agus bealaí coisithe a ionchorprú, nuair is cuí, isteach i scéimeanna deartha do láir bhailte/láir chomharsanachtaí agus d'fhorbairtí cónaitheacha, oideachasúla, fostaíochta, fóillíochta agus eile.

¹⁵ Tá Scéim Phleanála ceadaithe i bhfeidhm don Ghlasbhealach seo.

¹⁶ [Straitéis an ÚNI do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath, Ich 81](#)

¹⁵ Féach Caibidil 11 Bainistíocht Forbartha

BEA GLU 21 A	Éileamh go mbeadh dóthain áiseanna curtha ar fáil ag láithreacha caoithiúla in aice le nóid iompair phoiblí agus le idirmhalartuithe iompair phoiblí chun go mbeadh páirceáil slán ann do rothair.
BEA GLU 22	Tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht shábháilte choisithe agus rothaithe in aice le nóid iompair phoiblí.

Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Contae na Mí:

CUS GLU 25	Moltaí straitéise an ÚNI a chur i bhfeidhm, i gcomhar leis an ÚNI, maidir le bonneagar siúlóide agus rothaíochta.
CUS GLU 26	Dul siar ar leagain amach acomhal bóithre, nuair is cuí, chun trasrianta tiomnaithe coisithe agus rothaithe a chur ar fáil, faid trasrianta coisithe a laghdú, bealaí níos díri do choisithe a chur ar fáil agus luas trácht atá ag casadh a laghdú.
CUS GLU 27	Scéimeanna agus feabhsúcháin tréscailteachta coisithe a chur i bhfeidhm ag láithreacha cuí.
CUS GLU 28	Iarraidh go gcuirfí iniúchadh cáilíochta ar phleananna tréscailteacha coisithe agus rothaithe isteach mar chuid d'fhorbairtí nua tithíochta.
CUS GLU 29	Scéimeanna teorannaithe do choisithe a chur ar fáil ag láithreacha cuí, go háirithe in áiteanna lárnaacha a mbíonn daoine go leor ag siúl, ar nós ceantair mhiondíola.
CUS GLU 30	Leanúint le forbairt a dhéanamh ar líonra Glasbhealach sa Chontae de réir Straitéis na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt d'Fhorbairt Ghlasbhealaí sa Todhchaí.
CUS GLU 31	A bheith rannpháirteach sa phróiseas Ordú Ceannaigh Éigeantaigh nuair a iarrtar sin chun seachadadh tráthúil a éascú ar an gclár Glasbhealaigh laistigh den Chontae.
CUS GLU 32	Soláthar charrchlós thús na siúlóide/carrchlóis phoiblí ag Nód Tuaithe Chnoc an Dhúin gar don Ghlasbhealach a aithint, chun freastal ar athoscailt an stáisiún traenach, de réir na féidearthachta.

5.8 Forbairtí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach Náisiúnta agus Réigiúnach leo

5.8.1 Seachbhóthar Bhaile na Sláine

Is sprioc é seachbhóthar do Bhaile na Sláine atá ag an gComhairle le fada agus faigheann sé tacaíocht ó fhorhóir na gcónaitheoirí áitiúla, a raibh feachtas ar bun acu le blianta fada chun go dtógfaí é. Tá an seachbhóthar luaithe laistigh de Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 mar phríomh-bhonneagar *'infheistíochta chun tacú leis an uaimhian réigiún na teorann a fhorbairt'* agus aithnítear é mar thosaíocht le seachadadh¹⁷. Ina theannta sin, tacaíonn an RSES (déanann CBR 8.10 den Straitéis tagairt do) le breithmheas a dhéanamh ar Sheachbhóthar Bhaile na Sláine N2 agus é a sholáthar. Is forbairt bhonneagair thábhachtach é atá riachtanach mar ábhar práinne. Ó dhiúltaigh an Bord Pleanála don scéim in 2012, tá roinnt staidéar déanta ag an TII a bhreathnaigh ar mhalairtí bainistíochta tráchta trí Bhaile Shláine agus ar an N2 a bhí dírithe ar an líon HGVananna a bhíonn ag

¹⁷ [Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 leathanach 31](#)

taisteal tríd an mbaile agus thar dhroichead na Sláine a laghdú. Rinne na scrúduithe sin staidéar ar na héifeachtaí a bhí ag coisc éagsúla ar HGVanna, ag bearta dola, ag teorainneacha luais agus ag roghanna bainistíochta tráchta ar an líonra bóthair.

Ritheadh dhá chruinniú comhairliúcháin maidir leis na staidéir sin i Mí na Samhna 2012 agus i Mí an Mhárta 2015 agus cuireadh na torthaí ar fáil don Chomhairle. Chinn toradh na staidéar sin nach rachadh roghanna bainistíochta tráchta i ngleic go sásúil le na cúinsí ar leith i mBaile Shláine agus nár léiríodh go mba mhalairtí inmharthana iad ar sheachbhóthar.

Breithníodh rogha seachbhóthair thoir-thiar i dteannta leis an seachbhóthar beartaithe thuaidh-theas, ach léirítear le staidéir mhionsonraithe nach mbeadh buntáistí leordhóthanacha ann chun an seachbhóthar breise a éileamh ag an am seo. Tá obair atosaithe anois ar iarratas ar thoiliú a ullmhú chun seachbhóthar N2 a fhorbairt do Bhaile Shláine agus tá maoiniú agus tacaíocht á gcur ar fáil ag an TII chun déanamh amhlaidh. Tá tosaíocht tugtha do sheachbhóthar a chur ar fáil do Bhaile Shláine ó thaobh maoinithe de agus tá sé aitheanta mar thionscadal tosaíochta in Ag Tógáil ar Théarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016-2021. Leanfar ag scrúdú malairtí bainistíochta tráchta mar chuid de na staidéir sin.

Tá comhaontú ann go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar na riosca sábháilte a d'fhéadfadh cur as d'fholláine úsáideoirí uile bóthair agus do phobail amach anseo, le pobal Bhaile Shláine ach go háirithe. Aithníonn an Chomhairle agus í ag iarraidh réiteach a fháil go gcaithfear cothroime a fháil idir tosca timpeallachta, staire agus seandálaíochta agus sábháilteacht agus tionchair dhiúltacha eile atá ag teacht ón staid tráchta reatha i mBaile Shláine.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é

CUS GLU 33	Tacaíocht a chur ar fáil agus éascaíocht a dhéanamh ar sheachbhóthar Bhaile Shláine a sheachadadh, rud a mheastar a chuimseoidh forbairt bhonneagair riachtanaigh agus é sin a thógáil faoi réir na toilithe forbartha ábhartha atá riachtanach a fháil agus conairí rogha bealaí a choinneáil agus a chosaint ó fhorbairt a chuirfeadh isteach ar sholáthar an tionscadail. Braithfidh forbairt an tionscadal ar thoradh phróiseas an Imscrúdaithe Chúí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar shláine láithreáin Eorpach, forbrófar bealaí nó dearaí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag an tionscadal ar shláine aon Láithreán Eorpach nó Láithreáin Eorpacha agus ní chuirfear an tionscadal chun cinn murar féidir réiteach eile a chur i bhfeidhm a sheachnódh/a laghdódh an tionchar ionas nach mbeadh tionchar ar shláine an Láithreáin Eorpach nó na Láithreán Eorpach.
------------	---

5.8.2 Cuarbhealach Seachtrach Laighean

Tugann an RSES le tuiscint go leanfar le cosaint fadtéarmach don chuarbhealach seachtrach (Cuarbhealach Seachtrach Laighean) ag síneadh ó Dhroichead Átha go dtí ceantar An Náis/Dhroichead Nua le ceangail idirmheánacha leis An Uaimh agus le bailte eile. Tugann Straitéis an NTA do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 ar aird cé nach bhfuil an tionscadal seo beartaithe le cur i bhfeidhm le linn tréimhse na Straitéise, tá sé molta an chonair bealaigh a thabhairt chun críche agus é a chosaint ó fhorbairt a chuirfeadh isteach air.

Is é beartas na Comhairle:

BEA GLU 23	Tacú leis an mbealach tásach de Chuarbhealach Seachtrach Laighean a chur in áirithint, rud a mheastar a chuimseoidh forbairt bhonneagair thábhachtach, a bheidh saor ó fhorbairtí a d'fhéadfadh cur isteach ar sholáthar an tionscadail.
------------	--

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS GLU 34	Ná bealach tásach Chuarbhealach Seachtrach Laighean a chur in áirithe saor ó fhorbairtí a d'fhéadfadh cur isteach ar sheachadadh an tionscadail.
------------	--

5.8.3 Conair N2

Feidhmíonn conair N2 mar phríomhbhealach gheilleagrach trasteorann atá sár-riachtanach chun éascaíocht a dhéanamh ar ghluaiseacht tráchtá straitéise agus chun inrochtaineacht ar cheantair fostaíochta a chothabháil agus feabhas a chur orthu. Tugtar aitheantas don tábhacht atá leis an mbealach Thuaidh-Theas seo agus an ról atá aige le geilleagar “uile-oileáin oscailte” a chothabháil iar-Brexit laistigh den Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027¹⁸ agus an NPF¹⁹. Tá cuspóir ináirithe i Straitéis an NTA do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 le *‘feabhsúcháin a chur ar fáil don bhealach náisiúnta N2/M2 a chuimsíonn seachbhóthar do Bhaile Shláine, chun acmhainn bhreise a sholáthar ar na codanna den bhealach nach mótarbhealach iad, agus chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna sábháilteachta i mBaile Shláine a bhaineann le feithiclí earraí troma, ach go háirithe.*²⁰ Déanann an Plean Forbartha Náisiúnta tagairt ar leith don uasghrádú ar an N2 ón gcuid sin ó Thimpeallán an Rátha go Crois Chill Mhúine atá ag dul ar aghaidh cheana féin agus tugann sé tosaíocht dó. Leanfaidh an Chomhairle ag tacú le agus ag éascú seachadadh na n-oibreacha sin agus tá faoin gComhairle seachadadh Sheachbhóthar Bhaile Shláine a lorg amach anseo i gcomhar le TII agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS GLU 35	Ná leanúint ag tacú leis an TII, le Comhairle Contae Fhine Gall, le Comhairle Contae Lú agus le Comhairle Chontae Mhuineacháin le uasghráduithe a phleanáil agus a dhéanamh ar an N2, agus é a éascú, mar is cuí.
------------	---

5.9 Bonneagar Bóthar

Cé go bhfuil an Chomhairle tiomanta ar mhodhanna inbhuanaithe taistil a chur chun cinn, agus ar aistriú modha ón gcarr príobháideach a spreagadh, aithnítear go bhfuil áit lárnach fós ag bonneagar bóthair sa líonra iompair ina iomláine, agus go ndéanann sé freastal ar ghluaiseacht bhusanna, feithiclí earraí, coisithe, rothaithe, chomh maith leis an gcarr príobháideach. Déanfaidh an Chomhairle iarracht bonneagar bóthair a sholáthar, a chothabháil agus a fheabhsú chun forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a chinntiú don Chontae, agus iad ag tabhairt faoi bheartas iompair. Cé gur tháinig laghdú suntasach ar thrácht le linn an chúlú eacnamaíochta, tá an líon tráchtá ag fás de réir a chéile anois de réir mar atá an téarnamh geilleagrach ag dul i dtreis agus tá sé ag fás go láidir i ndeisceart an Chontae ach go háirithe. Tá an Chomhairle ag cur Straitéis Forbartha Eacnamaíochta uailmhianach 2014-2022 i bhfeidhm agus tá éileamh borrrtha breise ar thithíocht freisin i gcomhthéacs na mbearta atá in Atógáil Éireann²¹. Beidh sé riachtanach leis an dá rud thuasluaite bóithre bhreise a thógáil gan amhras agus mionathrú agus uasghrádú a dhéanamh ar bhóithre atá ann cheana.

¹⁸ [Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, leathanach 43](#)

¹⁹ [Leathanach 142 Tionscadal Éireann 2040- Creat Náisiúnta Pleanála](#)

²⁰ [Staidéar Náisiúnta Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035, leathanach 82](#)

²¹ Caibidil 2 Straitéis Lárnach

5.9.1 Bóithre Náisiúnta

Déanann an líonra náisiúnta bóthar freastal maith ar an gContae agus téann an M1 Baile Átha Cliath - Béal Feirste (an N1 roimhe seo, anois R132), an N2 Baile Átha Cliath - Doire, M3 An Cabhán-Baile Átha Cliath (an N3 roimhe seo, R147 anois) an M4 Baile Átha Cliath go Gaillimh, Caisleán an Bharraigh agus Sligeach (an N4 roimhe seo, R148 anois) tríd an gContae, ag ceangal ceantar uirbeach Bhaile Átha Cliath leis na réigiúin. Aithníonn an RSES an tábhacht a bhaineann le feidhm straitéiseach na bpríomhchonairí iompair a choimeád, a fheabhsú agus a chosaint ar a n-áirítear an t-ordú le feidhm straitéiseach an chonair idirnáisiúnta ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste, atá mar chuid de chroílíonra TEN-T a fheabhsú agus a chosaint. Is bealaí meánfhad iad na bóithre náisiúnta den dara grád, N51 agus N52, a ritheann tríd an gContae ag ceangal bailte tábhachtacha. Is forbairt bhonneagair agus bealach straitéiseach é an N52 a bhfuil tábhacht ar leith leis, a cheanglaíonn Dún Dealgan agus An Muileann gCearr-Baile Átha Luain-Tulach Mhór. Tá an Contae ag brath go mór ar a bhonneagar bóthar do ghluaiseacht agus d'introchtaineacht laistigh den chontae agus idir contaetha.

Tá fíor-thábhacht leis an bhforbairt ar an líonra náisiúnta bóthair don trácht náisiúnta idir ionaid uirbeacha chun rochtain éasca a thabhairt ar chalafoirt, ar aerfoirt agus ar láithreacha straitéiseacha eile. Aithníonn an Plean Forbartha Náisiúnta an tábhacht a bhaineann le líonra na mBóithre Náisiúnta a choinneáil sábháilte agus i staid ullaimh maith mar thosaíocht lena chinntiú go gcoinnítear na líonraí iompair atá ann agus atá fada fairsing, agus ar cuireadh feabhas mór orthu thar na fiche bliain seo caite, ar leibhéil arda, chun leibhéil ardchaighdeáin seirbhíse, rochtana agus ceangal a chinntiú d'úsáideoirí iompair. Cé gur faoi choimirce an TII atá freagracht faoi na Bóithre Náisiúnta, déanann an Chomhairle i gcomhar leis an TII uasghrádú agus feabhsúcháin mhóra ar na Bóithre Náisiúnta sa chontae. Cuimsíonn na hoibreacha sin forphíosaí pábhála a chur ar bhóithre atá ann cheana, píosaí nua bóthair a chur ar fáil agus seachbhóthair nó bealaí faoisimh a chur ar fáil do bhailte ar bhealaí a bhfuil riachtanas leo maidir le cúinsí pleanála, tráchta, sábháilteachta agus timpeallachta.

Os rud é go bhfuil srianta ann i gcónaí ar mhaoiniú, tá seans gurb é an chéad tosaíocht a bheidh ann maidir le hinfheistíocht bóthar ná an caiteachas a bhfuil gá leis chun an líonra fairsing atá ann cheana a chothabháil, a athnuachan, a bhainistiú agus a oibriú.

Cuimsíonn Straitéis Iompair an NTA do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2026 foráil chun tuilleadh feabhais agus forbartha a chur ar an líonra bóthair náisiúnta ar a n-áirítear na tionscadail seo a leanas atá ábhartha don Chontae a sheachadadh:

- *Uasghrádú ar acomhail agus feabhsúcháin acmhainne eile ar mhótarbhealach an M1, ar a n-áirítear láná breise ó dheas de Dhroichead Átha, san áit a bhfuil gá leo;*
- *Feabhsúcháin ar an mbealach náisiúnta N2/M2, ar a n-áirítear seachbhóthar Bhaile Shláine, chun acmhainn bhreise a sholáthar ar na píosaí den bhealach sin nach mótarbhealach iad, agus chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna sábháilteachta i mBaile Shláine a bhaineann le feithiclí earraí troma, go háirithe;*
- *Leathnú ar an N3 idir acomhal 1 (M50) agus Acomhal 4 (Cluain Aodha), chomh maith le hathruithe acomhal agus athruithe riachtanacha a bhaineann leis ar an líonra náisiúnta bóthair atá ann cheana²²;*
- *Soláthar ar cheantair seirbhíse bhreise ar an líonra náisiúnta bóthair ag teacht leis an mbeartas náisiúnta;*
- *Soláthar ar na huasghráduithe a bhfuil gá leo ar an líonra náisiúnta den dara grád, ar a n-áirítear seachbhóthair, ag teacht le na "Prionsabail ar Fhorbairt Bóthair" leagtha amach in Alt 5.8.3; agus*

²² [Aithnítear an tionscadal seo mar thosaíocht le seachadadh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 \(leathanach 43\)](#)

- *Comharthaíocht éagsúil, idirghabhálacha sábháilteachta, feabhsúcháin ar acomhail agus athchumruithe áitiúla ar an líonra náisiúnta bóthair.*

5.9.2 Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Tá ról eacnamaíoch tábhachtach ag bóithre réigiúnacha agus áitiúla agus tá feidhm luachmhar shóisialta agus pobail acu. Déanann siad sin suas 81% de bhóithre na tíre agus is minic gurb iad an t-aon mhodh inrochtana iad i gcomhair ghníomhaíocht eacnamaíoch áitiúil, mar shampla, bailte ainmnithe ar nós Baile Átha Troim.

Tá píosaí fairsinge bóthar ann a bhfuil sé de dhualgas ar an gComhairle iad a chothabháil. Déanann an Chomhairle maoiniú ar an gclár cothabhála seo óna cuid acmhainní féin agus/nó le fordheontais Stáit. Tabharfaidh an leibhéal maoinithe a bhfuil gá leis chun cothabháil a dhéanamh ar an líonra bóthair atá ann cheana deiseanna infheistíochta nua - mar a bhfuil achoimre air in 'Infheistiú in ár dTodhchaí Iompair - Creat Infheistíochta Straitéise (DTTAS, 2015)'. Leanfar ar shrianta ar mhaoiniú i gcomhair cothabhála agus beidh impleachtaí dá bharr ar an mbealach a ndéanfar aon mhaoiniú mar sin a dhíriú go náisiúnta. Beidh ar Údarás Áitiúla sainmhíniú a thabhairt ar '*líonra straitéiseach bóthair náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a bhfuil tábhacht straitéiseach leo*'²³ agus maoiniú a aithint atá dírithe ar na réimsí sin. Tá béim mhéadaithe go náisiúnta ar riachtanais bhreithmheasa tionscadal a aithníonn agus a thugann tosaíocht d'uasghráduithe a bhaineann an úsáid is mó cuí as maoiniú atá ar fáil.

Oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le Comhairle Contae Chill Dara leis an gcuid de Chuarbhóthar Faoisimh Sheachtraigh Mhaigh Nuad atá laistigh dá ceantar riaracháin a sheachadadh. Tá cuspóir ar leith ag an RSES tacú le forbairt leanúnach Mhaigh Nuad, atá comhordaithe le bonneagar straitéiseach a sheachadadh ar a n-áirítear ceangail bóthar atá mar chuid de Chuarbhealach Sheachtrach Mhaigh Nuad ar mhodh a thacaíonn le forbairt agus le fás daonra amach anseo agus a thógfaidh ar shineirgí le Ollscoil Mhaigh Nuad ag spreagadh geilleagair bunaithe ar eolas. Ina theannta sin, tá cuspóir ag an RSES '*Tacú le bonneagar bóthair a sheachadadh chun ligeann le tailte cónaithe agus fostaíochta straitéiseacha d'fhorbairt inbhuanaithe agus chun feabhas a chur ar cheangal agus ar ghluaiseacht éifeachtach dhaoine agus sheirbhísí sa bhaile*'.

Is é beartas na Comhairle:

BEA GLU 24	Acmhainn agus sábháilteacht an líonra bóthair náisiúnta a chumhdach trí fhorálacha na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil – ' <i>Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta-Treoirínite d'Údarás Phleanála, 2012</i> ' a chur i bhfeidhm.
BEA GLU 25	Gníomhartha Straitéis Sábháilteachta Bóthair na Mí a chur i bhfeidhm agus bearta sábháilteachta bóthair agus tráchta a spreagadh i gcomhar le Ranna Rialtais, leis an Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre agus le gníomhaireachtaí eile.
BEA GLU 26	Soláthar agus feabhsúcháin a dhéanamh ar phíosaí bóthar náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil easnaimh orthu maidir le hailíniú, staid struchtúrtha nó hacmhainne, nuair a ligeann acmhainní sin a dhéanamh, agus iarracht a dhéanamh an caighdeán sin a choinneáil ina dhiaidh sin. A chinntiú, nuair is féidir é, go mbeidh aird ag aon straitéis cothabhála nó feabhsúcháin ar aeráidí sa todhchaí.

²³ Ag Infheistiú inár dToghcháil Iompair – Creat Infheistíochta Straitéiseach um Iompar Talún, 2015

BEA GLU 27	Comharthaíocht a rialú, a smachtú agus a fheabhsú ar fud an Chontae agus an t-uafás comharthaíocht le taobh an bhóthair a sheachaint, go háirithe lasmuigh de na ceantair le teorainneacha luais 50-60km.
BEA GLU 28	Iniúchtaí Sábháilteachta Bóthair a spreagadh ar scéimeanna nua bóthair, ar fheabhsúcháin bóthair agus acomhail agus ar scéimeanna bainistíochta tráchta de réir Fhoilseachán TII-GE-STY-01024 an TII agus comhairle atá le fáil i dTreoirlínte Bainistíochta Tráchta 2012 an RITS (Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath).
BEA GLU 29	Dul i gcomhairle leis an TII agus le DTTAS maidir le hathbhreithniú ar theorainneacha luais sa Chontae.
BEA GLU 30	Dul i gcomhairle leis an ÚNI agus LE Bonneagar Iompair Éireann (nuair is cuí) ar bhearta smachtaithe ábhartha laistigh dá sainchúram, atá deartha chun an t-éileamh ar spás bóthair a bhainistiú níos fearr chun gluaiseacht éifeachtúil tráchta riachtanaigh a éascú.
BEA GLU 31	Aird a thabhairt ar Ráiteas Beartais an TII ar 'Cheantair Seirbhíse ar Mhótarbhealaí agus ar Charrbhealaí Dúbailte atá ar Ardchaighdeán' nuair atáthar ag measúnú moltaí d'fhorbairtí mar sin.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS GLU 36	Seachadadh thionscadal uile na mbóithre a bhfuil achoimre orthu sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 agus Straitéis Iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035, a éascú i gcomhar leis an NTA, leis an TII agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le páirtithe leasmhara eile. Braithfidh forbairt na tionscadal bóithre sin ar thoradh phróiseas na Measúnachta Cuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchar dhiúltacha ar shláine láithreáin Eorpaigh, forbrófar bealaí nó dearaí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag an tionscadal ar shláine aon Láithreán Eorpach nó Láithreáin Eorpacha, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó in dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Má bhíonn, in ainneoin chur i bhfeidhm bearta maolaithe, riosca fós ann go mbeadh tionchar diúltach ag na tograí ar shláine Láithreáin Eorpaigh nó Láithreán Eorpach, ní chuirfear an tionscadal chun cinn murar féidir réiteach eile a chur i bhfeidhm a sheachnódh/a laghdódh an tionchar ionas nach mbeadh tionchar ar shláine an Láithreáin Eorpaigh nó na Láithreán Eorpach.
CUS GLU 37	Plean líonra bóthair straitéiseach bliantúil a fhorbairt d'oibreacha uasghrádaithe agus riachtanacha do bhóithre náisiúnta agus réigiúnacha agus do bhóithre áitiúla a bhfuil tábhacht straitéiseach leo chun díriú ar mhaoiniú.
CUS GLU 38	Clár a fhorbairt i gcomhairle leis an TII chun uasghrádú, feabhas agus cothabháil a dhéanamh ar an líonra náisiúnta bóthair laistigh den Chontae.
CUS GLU 39	Clár a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun uasghrádú, feabhas agus cothabháil a dhéanamh ar an líonra bóthair nach líonra náisiúnta é sa Chontae.

CUS GLU 40	Clár bainistíochta ar bhearta tráchta agus páirceála a chur i bhfeidhm i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an Chontae, de réir mar a ligfidh acmhainní sin a dhéanamh.
CUS GLU 41	Caighdeán pháirceála a éileamh de réir na gcaighdeán atá leagtha amach i gCaibidil 11 de Bhainistíocht Fhorbartha do gach forbairt.
CUS GLU 42	Cothabháil agus feabhsúchán a chur i bhfeidhm ar bhóithre sa Chontae mar atá leagtha amach i Sceideal na nOibreacha Ceantar Bardasacha agus i gClár Bliantúil Oibreacha Bóthair na Comhairle atá maoinithe ó acmhainní na Comhairle féin agus ó dheontais Ghníomhaireachtaí Stáit.
CUS GLU 43	Tacú le feabhsúcháin riachtanacha ar bhonneagar bóthair phoiblí, lena n-áirítear seachbhóithre bailte agus sráidbhailte áitiúla agus scéimeanna náisiúnta bóthair atá molta agus nuair is gá conairí aon bhealach atá molta mar sin a choinneáil saor ó fhorbairt a chuirfeadh isteach ar aon togra mar sin a sholáthar. Tá na cinn úd atá mionsonraithe sa liosta nach bhfuil uileghabhálach i dTábla 5.1 i measc na scéimeanna bóthair sin: Braithfidh gach ceann de na tionscadal sin ar thoradh phróiseas na Measúnachta Cuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar shláine láithreáin Eorpaigh, forbrófar bealaí nó dearaí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag an tionscadal ar shláine aon Láithreán Eorpach nó Láithreáin Eorpacha, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó in dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Má bhíonn, in ainneoin chur i bhfeidhm bearta maolaithe, riosca fós ann go mbeadh tionchar diúltach ag na tograí ar shláine Láithreáin Eorpaigh nó Láithreán Eorpach, ní chuirfear an tionscadal chun cinn murar féidir réiteach eile a chur i bhfeidhm a sheachnódh/a laghdódh an tionchar ionas nach mbeadh tionchar ar shláine an Láithreáin Eorpaigh nó na Láithreán Eorpach.

Tábla 5.1

Ainm na Scéime	Cur síos ar Oibreacha
Seachbhóthar Bhaile na Sláine (N2)	Príomhbhonneagar straitéiseach a sheachadadh ar a n-áirítear Seachbhóthar Bhaile na Sláine agus droichead nua a ionchorprú thar Abhainn na Bóinne.
Feabhsúcháin ar an mbealach náisiúnta N2/M2, ar a n-áirítear seachbhóthar Bhaile Shláine, chun acmhainn bhreise a sholáthar ar na píosaí den bhealach sin nach mótarbhealach iad, agus chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna sábháilteachta i mBaile Shláine a bhaineann le feithiclí earraí troma, go háirithe.	Leanúint ag tacú leis an TII, le Comhairle Contae Fhine Gall, le Comhairle Contae Lú agus le Comhairle Chontae Mhuineacháin agus éascaíocht a dhéanamh dóibh chun uasghrádú a phleanáil agus a dhéanamh ar an N2 mar is cuí. Feabhsúcháin ar bhóithre agus ar aomhail chun aghaidh a thabhairt ar na srianta acmhainne reatha.

N2 Timpeallán an Rátha go Crois Chill Mhúine

Mótarbhealach an M1

Acomhal 9 M1 Droichead Átha (M1 Acomhal Theas) Uasghrádú féideartha ar an acomhal seo chun acmhainn a mhéadú.

Acomhal 8 M1 Damhliag Uasghrádú féideartha ar an acomhal seo chun acmhainn a mhéadú

M1 Acomhal 7 Baile Iúiliáin/Steach Maoilín Uasghrádú ar an acomhal seo chun acmhainn a mhéadú a chuimsíonn éascaíocht ar rochtain feithicle chuig / ó Steach Maoilín trí Champas Gnó Thuaidh na Cathrach chuig Acomhal an M1.

Mótarbhealach an M3

Acomhal 4 M3 Cluain Aodha Uasghrádú féideartha ar an acomhal seo chun acmhainn a mhéadú.

M3 Ó dheas d'Acomhal 4 Lána breise a thabhairt isteach ar dhá charrbhealach an M3 chun acmhainn ar an líonra a bhainistiú, i gcomhar le huasghrádú beartaithe don M3 le Comhairle Contae Fhine Gall agus an TII.

Acomhal 5 M3 Dún na Bóinne Uasghrádú féideartha ar an acomhal seo chun acmhainn a mhéadú.

Acomhal 8 M3 An Uaimh Theas Uasghrádú féideartha ar an acomhal seo chun acmhainn a mhéadú.

Acomhal 9 M3 An Uaimh Thuaidh Uasghrádú féideartha ar an acomhal seo chun acmhainn a mhéadú.

N52 An Ghráinseach – Clontail (a dtugtaí Scéim Fringestown air roimhe seo) Athailíniú ar an N52 atá ann agus ar acomhal R162/N52 ó phointe taobh thiar den R162 ag dul soir go Clontail.

N51 Dún Mó Céim II Athailíniú ar an N51 idir An Caisleán Dubh agus Baile an Chrúisigh. An chéim dheiridh den N51 An Uaimh - Baile Shláine.

N51 Halltown Feabhsúchán acomhail a thógáil agus athailíniú ar mhionbhóithre.

R132 Seachbhóthar Bhaile Iúiliáin Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht agus ansin más cuí an chéad rogha a chur chun cinn dearadh agus a sheachadadh.

R147 Timpeallán an Tairbh Dhuibh Acomhal le comharthaíocht a chur in ionad Timpeallán an Tairbh Dhuibh agus rochtain le comharthaíocht rialaithe a chur ar fáil ar an R147.

N51 O Bhaile Shláine go teorainn Chontae Lú Athailíniú ar a n-áirítear Droichead na Máiteoige a leathnú, agus feabhsúcháin a chur ar acomhal.

R150 Bóthar Dromlaigh Bhaile an Bhiataigh - na hInse Leanúint le tacaíocht a thabhairt do sheachadadh an Bhóthair Dromlaigh Thuaidh - Theas le Baile an Bhiataigh a cheangal leis An Inse.

Acomhal N52/R154	Feabhas a chur ar acomhal agus athailíniú a dhéanamh ar an mbóthar réigiúnach chun socrú céimnithe a thabhairt isteach.
N52 Acomhal Bhaile an Rátha	An N52 a athlíniú agus an leagan amach ar an acomhal a fheabhsú.
Bóthar Ceangail N3-N4	Bóthar Ceangail a sholáthar idir Ongar agus Baile an Sciobóil
Bóthar an R162 ón Uaimh go Dún an Rí agus Bóthar an R157 ó Dhún na Bóinne go Maigh Nuad	Uasghráduithe Sábháilteachta
Seachbhóthair Straitéiseacha / Faoisimh (tagairt Mapa 5.2)	Áitiúla Bóithre Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht agus ansin más cuí seachbhóthar áitiúil agus bóithre faoisimh laistigh den Chontae a chur chun cinn.
CUS GLU 44	Leanúint ag soláthar uasghráduithe bóthair acmhainne dírithe laistigh den Chontae chun fáil réidh le baill dhubha brú tráchta.
CUS GLU 45	Tacú le dhá acomhal le comharthaíocht a sheachadadh chun go mbeidh sé níos éasca ag gach modh iompair rochtain a fháil ar Dhún na Bóinne Thuaidh ó bhóthar réigiúnach ar ardchaighdeán.
CUS GLU 46	Leanúint ag tacú le seachadadh na bpríomhbhóthar straitéiseacha laistigh de Dhún na Boinne a chuimseoidh bóthar dáileacháin oirthir chun éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt dírithe ar iarnród agus ar bhealaí nua bus agus le leibhéal tráchta sa bhaile a laghdú.
CUS GLU 47	Seachadadh phríomhbhóithre straitéiseacha i bPríomhbhaile na hUaimhe a spreagadh chun iad seo a leanas a bheith ináirithe ach gan a bheith teoranta dóibh: 1) bóthar ceangail idir bóthar Bhaile Átha Cliath agus bóthar Bhaile Átha Troim, 2) bóthar dáileacháin ón R153 ag Baile Fargáin agus droichead sa todhchaí trasna na Bóinne go dtí an N51 agus an Uaimh Thuaidh, 3) bóthar ceangail ó bhóthar Ráth Arlain go dtí an R147 agus a chuimseoidh droichead trasna na hAbhann Duibh 4) Bóthar Bhaile Átha Troim go Bóthar Chill an Chairn ar an N3, 5) Bóthar an Choimín go Bóthar Bhaile Átha Buí, (6) Bóthar Bhaile Átha Buí go Bóthar Ráth Alrain ar an N51. Braithfidh gach ceann de na tionscadal sin ar thoradh phróiseas na Measúnachta Cuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar shláine láithreáin Eorpaigh, forbrófar bealaí nó dearáí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag an tionscadal ar shláine aon Láithreán Eorpach nó Láithreáin Eorpacha, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó in dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Má bhíonn, in ainneoin chur i bhfeidhm bearta maolaithe, riosca fós ann go mbeadh tionchar diúltach ag na tograí ar shláine Láithreáin Eorpaigh nó Láithreán Eorpach, ní chuirfear an tionscadal chun cinn murar féidir réiteach eile a chur i bhfeidhm a sheachnódh/a laghdódh an tionchar ionas nach

	<p>mbeadh tionchar ar shláine an Láithreáin Eorpaigh nó na Láithreán Eorpach. Maidir le tograí a bhaineann le trasrianta nua droichid trasna na Bóinne agus na hAbhann Duibhe, i gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe, forbrófar suíomhanna agus/nó dearáí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag na déanmhais droichid ar shláine aon Láithreán Eorpach nó aon Láithreáin Eorpacha, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó i dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Tá sé réasúnta talamh slán a dhéanamh de ag céim an deartha shonraigh go bhféadfaí, agus go ndéanfar, aon fhéidearthacht go mbeadh tionchar ag tionscadal ar Láithreáin Eorpacha, a réiteach trí hionaid nó dearáí malartacha a chomhlíonfadh a bhfeidhm/ról fós maidir le tacú leis an bhfís uileghabhálach agus le prionsabail threoracha agus cuspóirí/aidhm straitéiseach an PFC a iniúchadh.</p>
CUS GLU 48	<p>Oibriú i gcomhar le Comhairle Contae Chill Dara chun an chuid de Bhóthar Faoisimh Seachtraigh Mhaigh Nuad atá laistigh de cheantar riaracháin Chomhairle Contae na Mí a sheachadadh.</p>
CUS GLU 49	<p>Seachadadh na bpríomhbhóithre straitéiseacha seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh, a chur chun cinn: Bóthar Faoisimh Seachtrach Ráth Tó, Bóthar Ceangail Bhaile Bhriain (Droichead Átha), Bóthar Ceangail Bhóthar na hUaimhe - Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Troim, Acomhal 6 an M3/bóthar dáileacháin R125 go R147. Braithfidh gach ceann de na tionscadal sin ar thoradh phróiseas na Measúnachta Cuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar shláine láithreáin Eorpaigh, forbrófar bealaí nó dearáí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag an tionscadal ar shláine aon Láithreán Eorpach nó Láithreáin Eorpacha, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó in dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Má bhíonn, in ainneoin chur i bhfeidhm bearta maolaithe, riosca fós ann go mbeadh tionchar diúltach ag na tograí ar shláine Láithreáin Eorpaigh nó Láithreán Eorpach, ní chuirfear an tionscadal chun cinn murar féidir réiteach eile a chur i bhfeidhm a sheachnódh/a laghdódh an tionchar ionas nach mbeadh tionchar ar shláine an Láithreáin Eorpaigh nó na Láithreán Eorpach.</p>
CUS GLU 50	<p>Pleananna Sábháilteachta Bóthair nuashonraithe a ullmhú ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre agus i gcomhairle leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus páirtithe leasmhara ábhartha.</p>
CUS GLU 51	<p>Feabhas a chur ar cháilíocht amhairc thírdhreach agus ainmniú timpeallán i láithreacha éagsúla ar fud an Chontae.</p>
CUS GLU 52	<p>Staidéar iompair a dhéanamh do Dhroichead Átha mar chuid den Chomhphlean Uirbeach sa todhchaí i gcomhar le Comhairle Contae Lú.</p>
CUS GLU 53	<p>Staidéir iompair a dhéanamh sa Chontae agus i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla eile mar a hiarrtar.</p>

5.9.3 Tobhaigh Ailt 48 agus 49

Iarrfar ranníocaíochtaí airgeadais mar chuid den phróiseas bainistíochta forbartha d'fhorbairt áirithe faoi fhorálacha Alt 48 agus Alt 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Baineann scéimeanna Ailt 48 (ginearálta) le foráil mholta bonneagair agus áiseanna poiblí lena gcuirtear leis an mbuntáiste forbartha laistigh de réimse an Údaráis Phleanála, agus a chuirtear i bhfeidhm mar thobhach ginearálta.

D'fhéadfadh go mbeadh gá le ranníocaíocht 'speisialta' faoi Alt 48(2) (c) sa chás go mbeadh costais eisceachtúla ar leith nach gclúdaítear sa scéim ghinearálta ann a thabhaíonn an tÚdarás Áitiúil de bharr forbairt ar leith.

Baineann scéimeanna Alt 49 (forlíontach) leis an tseirbhís bhonneagair nó le tionscadail atá sonraithe go leithleach - ar nós bonneagair iarnróid nó bóthair Dhún na Bóinne- na hUaimhe, a mbíonn buntáiste ag ceantar ar leith ann (conair go hiondúil). Nuair a fhorluíonn scéimeanna le hÚdarás Áitiúil eile, forbrófar Scéim Alt 49 i gcomhar leis an Údarás Áitiúil sin.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS GLU 54	Úsáid a bhaint as forálacha Ailt 48 agus 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) nuair is cuí, chun ranníocaíochtaí airgeadais a ghiniúint faoi choinne na gcostas chaipitil a bhaineann le bonneagar iompair áitiúil agus straitéiseach, seirbhísí nó tionscadail a chur ar fáil sa Chontae. Déanfar é seo i gcomhar le hÚdarás Áitiúla atá in aice láimhe, nuair is cuí.
------------	---

5.9.4 Cúinsí Eisceachtúla

Féachann beartas Rialtais maidir le rochtain ar bhóithre náisiúnta mar a dhéantar foráil air sna *"Treoirínte don Phleanáil Spásúil & do Bhóithre Náisiúnta"* aon phointe breise inrochtana ó fhorbairt / treisiú tráchta nua ó bhealaí isteach ar bhóithre náisiúnta atá ann cheana lasmuigh den luasteorainn 60 kph a sheachaint. Déanann Alt 2.6 de na Treoirínte foráil ar chúinsí eisceachtúla don fhoráil beartas ginearálta thuas. D'fhéadfadh Údarás Phleanála stráicí de bhóithre náisiúnta a aithint ina bhféadfaí cur chuige nach mbeadh chomh srianta a chur i bhfeidhm mar chuid de phróiseas an Phlean Forbartha. Tagann dhá chás aníos, an chéad cheann maidir le forbairtí a bhfuil tábhacht straitéiseach náisiúnta nó réigiúnach leo, agus an dara cás a bhaineann le codanna de Bhealaí den Dara Grád nach mbíonn trácht mór orthu.

Tugann na Treoirínte foráil gur féidir cur chuige nach bhfuil chomh srianta a úsáid i gcás fhorbairtí a bhfuil tábhacht straitéiseach náisiúnta nó réigiúnach leo agus de bharr a nádúir go bhfuil sé níos ábhartha go mbeidís suite lasmuigh de cheantair uirbeacha, agus nuair atá gnéithe ar leith sna láithreacha lena mbaineann sé a dhéanann oiriúnach iad go háirithe do na forbairtí atá molta.

Tá roinnt láithreacha aitheanta ag an bPlean Forbartha inar féidir cúinsí eisceachtúla den bheartas ginearálta a mheas mar a leanas:

1. An N52 ó dheas de Chrois Bhaile an Rátha chun éascaíocht a dhéanamh ar ionad déantúsaíochta bithfhuinnimh agus ionad CHP
2. An Uaimh Thuaidh (Acomhal 9) go Timpeallán an Mhullach Buí ón N51 (Acomhal Nua Amháin);
3. An Uaimh Theas (Acomhal 8) go Timpeallán Chill an Chairn ar an R147 (Acomhal Nua Amháin);
4. An N2 ag Baile Shláine in aice leis an áis Grasslands Fertilizers atá ann (Suíomh Seveso)
5. An N51 ag Drioglan agus Caisleán Bhaile Shláine;
6. An N2 ag Knockharley in aice leis an áis líonadh talún réigiúnach atá ann
7. An N2 ag Timpeallán an Rátha go dtí acomhal Bhóthar Churrach Átha

Tá siad sin aitheanta ar Mhapa 5.3.

Is é beartas na Comhairle:

BEA GLU 32	Cosaint an bhonneagair bóthair atá ann cheana a chinntiú agus ag an am céanna feabhas a chur ar acmhainn agus ar shábháilteacht an líonra bóthair chun freastal ar éilimh a bheidh ann amach anseo.
BEA GLU 33	<p>Aon phointe breise inrochtana ó fhorbairt / treisiú tráchta nua ó bhealaí isteach ar bhóithre náisiúnta atá ann cheana lasmuigh den luasteorainn 60 kph a sheachaint, ach amháin ag na láithreacha seo a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. An N52 ó dheas de Chrois Bhaile an Rátha chun éascaíocht a dhéanamh ar ionad déantúsaíochta bithfhuinnimh agus ionad CHP (Mapa 5.3.1); 2. An Uaimh Thuaidh (Acomhal 9) go Timpeallán an Mhullach Buí ón N51 (Acomhal Nua Amháin) (Mapa 5.3.2); 3. An Uaimh Theas (Acomhal 8) go Timpeallán Chill an Chairn ar an R147 (Acomhal Nua Amháin) (Mapa 5.3.3); 4. An N2 ag Baile Shláine in aice leis an áis Grasslands Fertilizers atá ann (Suíomh Seveso) (Mapa 5.3.4); 5. An N51 ag Drioglan agus Caisleán Bhaile Shláine (Mapa 5.3.5); 6. An N2 ag Knockharley in aice leis an áis líonadh talún réigiúnach atá ann (Mapa 5.3.6); 7. An N2 ag Timpeallán an Rátha go dtí acomhal Bhóthar Churrach Átha (Mapa 5.3.7). <p>Braithfidh gach ceann de na tionscadal sin ar thoradh phróiseas na Measúnachta Cuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar shláine láithreáin Eorpaigh, forbrófar bealaí nó dearaí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag an tionscadal ar shláine aon Láithreán Eorpach nó Láithreáin Eorpacha, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó in dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Má bhíonn, in ainneoin chur i bhfeidhm bearta maolaithe, riosca fós ann go mbeadh tionchar diúltach ag na tograí ar shláine Láithreáin Eorpaigh nó Láithreán Eorpach, ní chuirfear an tionscadal chun cinn murar féidir réiteach eile a chur i bhfeidhm a sheachnódh/a laghdódh an tionchar ionas nach mbeadh tionchar ar shláine an Láithreáin Eorpaigh nó na Láithreán Eorpach.</p>
BEA GLU 34	<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar thalamh ag láithreacha straitéiseacha, mar chuid de phróiseas an Phlean do Cheantar Áitiúil, a cheanglaíonn acomhail mótarbhealach a bhfuil baint uirbeach leo agus a bhí aitheanta roimhe seo d'úsáidí giniúna fostaíochta, faoi réir chomhlíonadh Phleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta - Treoirínte d'Údaráis Áitiúla. Ina thaobh seo, déanfar scrúdú ar na acomhail seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Acomhal 7 (Baile Iúiliáin) Mótarbhealach an M1 • Acomhal 8 (Damhliag) • Acomhal 9 (Droichead Átha) • Acomhal 4 Cluain Aodha Mótarbhealach an M3 • Acomhal 5 (Dún na Bóinne) • Acomhal 6 Mótarbhealach an M3 (Dún Seachlainn) • Acomhal 8 An Uaimh Theas • Acomhal 9 An Uaimh (Thuaidh) • An N2 Timpeallán an Rátha go Cill Mhúine

Leanfaidh an tÚdarás Pleanála ag tacú le tograí forbartha i gcúinsí mar sin nuair a cloítear le na critéir go léir atá sonraithe in Alt 2.7 de na “Treoirlínte don Phleanáil Spásúil & do Bhóithre Náisiúnta”.

5.10 Athrú Aeráide

Mar atá leagtha amach sa Dréachtstraitéis um Oiriúnú d'Athrú Aeráide, tá 43.4% d'astaíochtaí Chontae na Mí ag teacht ó iompar agus is réimse tosaíochta gníomhaíochta é mar chuid den straitéis le haghaidh a thabhairt air sin. Is tosaíocht straitéiseach é roghanna taistil níos inbhuanaithe a chur ar fáil dár n-áitritheoirí a laghdódh astaíochtaí carbóin iompair ach a dhéanfadh seachadadh ar roinnt phríomhtairbhí eacnamaíoch, shóisialta agus phobail. Tá sé sár-riachtanach go ndíreofaí ar fhorbairt chónaitheach i láithreacha inbhuanaithe, a bhfuil inrochtaine acu ar bhonneagar iompair poiblí agus a úsáideann tailte athfhorbraíochta in ár lonnaithe mar atá chun laghdú ar astaíochtaí a bhaint amach.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é

CUS IOM 55 Measúnú riosca maidir le bonnagar iompair Chontae na Mí a chur i gcrích chun ceantair a shainaithint ina bhfuil ardriosca ó thaobh iarmhairtí athraithe aeráide de (m.sh. tuilte), le linn shaolré an Phlean Forbartha.

CUS IOM 56 A chinntiú go gcuirfí cineálacha aeráide amach anseo san áireamh i gcás aon straitéisí um fheabhsú agus chothabháil iompair, le go mbeadh roghnú cuí ábhar ann agus sannadh tosaíochtaí maidir le bóithre atá le deisiú.

5.11 Lastas

Tá lastais a iompar go héifeachtach sár-riachtanach chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch. Ag tógáil san áireamh méid geografach na hÉireann agus chomh gar is atá Calafort Bhaile Átha Cliath do na hionaid éagsúla i Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath is gluaiseacht ar an mbóthar an modh is mó a húsáidtear le haghaidh lastas a aistriú sa réigiún, agus tríd an Stát níos leithne, agus leanfaidh sé mar sin. Féachann Straitéis Iompair an NTA do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath le dóthain acmhainne a choinneáil laistigh den líonra iompair chun a chinntiú gur féidir lastas a bhogadh go cinnte agus go sciobtha chuig príomhchinn scríbe ar a n-áirítear calafoirt agus aerfoirt agus tá achoimre déanta ar roinnt beart chun é sin a dhéanamh laistigh den Straitéis. Leanfaidh an Chomhairle ag tacú leis an NTA le na bearta sin a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh lastas ag gluaiseacht go héifeachtach tríd an gContae. Is cúis suntasach imní é an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit ar phleananna chun lastas a iompar go héifeachtach agus go héifeachtúil agus caithear aird a thabhairt air.

Tá Mianach na Teamhrach ar cheann de na cúpla sruth lastais atá ag úsáid Iarnród Éireann faoi láthair, le mian sinse a iompar ón Uaimh go Baile Átha Cliath (trí Dhroichead Átha). Oibrítear suas le ceithre thraein gach lá, agus meastar go gcoinníonn gach ceann díobh sin ionann dhá scór leoraí den bhóthar. Bhí Iarnród Éireann ag déanamh taighde i ngluaiseacht lastais ilmhodha agus tá trí thriail tugtha chun críche go rathúil aige a chuir méadú de 50% le hacmhainn lucht. Neartóidh traenacha níos faide ar an líonra iomaíochas lastas iarnróid do thionscal. Chuirfí feabhas ar thairbhí timpeallachta lastais iarnróid freisin trí sheirbhísí le hacmhainneacht níos mó a oibriú - faoi láthair cuireann lastas a aistriú ar iarnród in áit ar an mbóthar laghdú de 75% an t-aonad ar astaíochtaí, d'fhéadfaí astaíochtaí a laghdú go dtí aon-deichiú dá choibhéis ar an mbóthar á mbainfí úsáid as

traenacha níos faide. Leanann Iarnród Éireann ag obair lena chustaiméirí chomh maith le hlompróirí Iomlána Lastais, le Calafóirt agus le Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann chun deiseanna agus claonta breise d'fhorbairt lastas Iarnród a aithint laistigh de mhargadh na hÉireann agus na hEorpa.

Is beartas de chuid an Phlean é tacú le feabhsúchán ar ghluaiseacht lastais sa chontae ar an mbóthar agus ar an iarnród araon agus é a éascú. Tá áiseanna do pháirceáil do thrucaílí inmhianaithe chun croí agus míshásamh a sheachaint, agus ar mhaithe le sábháilteacht. Caithfear coinneáil i gcuimhne gurb é an líonra bóthair an timpeallacht oibre atá ag roinnt mhaith daoine atá ag aistriú earraí agus i mbun seirbhísí. Tá sé tábhachtach dá réir sin go gcuirtear áiseanna seirbhíse agus páirceáil do thrucaílí ar fáil, in áiteanna cuí, chun freastal ar a gcuid riachtanas. Tá sé tábhachtach freisin infheistíocht sa líonra bóthair a chosaint agus príomhartairí a chosaint, a bhfuil rí-thábhacht leo chun lastas a aistriú agus a bhfuil sár-riachtanas leo le gníomhaíocht tráchtála sa cheantar uirbeach agus sna ceantair máguaird a choinneáil saor ón iomarca brú tráchta.

Tá sé mar bheartas ag Comhairle Contae na Mí:

BEA GLU 35	Comhoibriú leis an NTA agus leis an TII agus tacú leo (nuair is cuí) ar bhearta atá deartha chun feabhas a chur ar iompar lastais ar fud an Chontae agus isteach ann.
BEA GLU 36	Tacú le straitéis réigiúnach a ullmhú don iompar lastais i gcomhar leis na gníomhaireachtaí iompair cuí agus leis na Tionóil Réigiúnacha eile.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS GLU 57	Láithreacha cuí a aithint do dhianfhorbairtí lastais agus ullmhúchán Phleananna Dáileacháin agus Cothabhála ²⁴ a éileamh d'fhorbairtí mar sin mar chuid den phróiseas pleanála.
CUS GLU 58	An fhéidearthacht ar bhearta bainistíochta HGVanna i lár bailte a mheas, agus iad a thabhairt isteach nuair is cuí.
CUS GLU 59	Soláthar ar áiseanna páirceála do HGVanna a éileamh ag ionaid seirbhíse ar mhótarbhealaigh, ag stáisiúin bhreosla agus ag láithreacha cuí eile laistigh den Chontae de réir threoirlínte pleanála cuí agus bheartas rialtais ²⁵ .

5.12 An Earnáil Eitlíochta

Tá forbairt agus cumhdach Aerfort Bhaile Átha Cliath bunriachtanach d'fhás eacnamaíoch an Chontae de bharr chomh gar is atá sé d'Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá achoimre déanta ar thionchar eacnamaíoch an cheantair don réigiún i dtuarascáil de chuid InterVISTAS Staidéar Eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath 2015. Deimhníonn an staidéar seo gur tiománaí sár-riachtanach do Gheilleagar na hÉireann é Aerfort Bhaile Átha Cliath, mar phríomhthairseach a dhéanann freastal ar an tír do phaisinéirí agus do lastas aeir. Meastar go dtacaíonn an tAerfort le 97,400 post agus go

²⁴ Ba cheart go leagfaí amach i bPleananna Dáilte agus Seirbhísithe bealaí tráchta do HGVanna chun go mbeadh an tÚdarás Áitiúil in ann an tionchar fhéideartha ar bhonneagar bóthair a mheas i gceart.

²⁵ Féach ar Chaibidil 11 Bainistíocht Forbartha le haghaidh tuilleadh sonraí

n-íocann sé €6.9bn le OTI na hÉireann. Sa chomhthéacs sin beidh sé i gceist ag an bPlean tacú le forbairt agus leathnú Aerfort Bhaile Átha Cliath agus é a éascú.

Tá codanna den Chontae suite laistigh de chriosanna sheachtraigh agus inmheánaigh cosanta torainn agus de chrios sábháilteachta poiblí sheachtraigh an aerfoirt. Tá sé riachtanach tionchar diúltach torainn a íoslaghdú gan srianta neamhréasúnacha a chur ar fhorbairt. Léirítear ar léarscáileanna uimh. 5.4.1 & 5.4.2. an Phlean an dá chrios torainn, Crios Amuigh ina leanfaidh an Chomhairle ag cur srian ar fhorbairt mhí-oiriúnach, agus Crios Istigh ina ndéanfar iarracht soláthar nua maidir le forbairt tithíochta agus úsáidí eile torann-íogair a sheachaint.

Tugtar treoir ar Chriosanna Sábháilteachta Poiblí agus talamhúsáid sa doiciméad dar teideal ‘*Public Safety Zones, 2005*’ le ERM Ltd. Leanfaidh an Chomhairle comhairle Údarás Eitlíochta na hÉireann maidir leis na tionchair a bheadh ag forbairt mholta ar shábháilteacht aerárthach agus ar loingseoireacht shábháilte agus éifeachtach de sin. Scrúdófar na tionchair a bheadh ag bonneagar fhuinneamh ghlas ar nós feirmeacha gaoithe agus fótavoltacha agus déanfar iad a mheas faoi Chaibidil Bainistíochta Forbartha an Phlean. Éilíonn Údarás Eitlíochta na hÉireann gur chóir measúnú Loinneach agus Dallraithe a chur isteach le haon iarratas pleanála ar réimsí fótavoltachais gréine laistigh de gha 15km d'aerfoirt agus go gcuirfí faoina mbráid iad lena dtuairim a thabhairt. Ba chóir do na measúnuithe sin aird a thabhairt ar Loinnir agus Dallrú féideartha ar ghabhdóirí eitlíochta atá ann cheana nó atá beartaithe, go háirithe (i) Dallrú i dtreo an bhealaigh druidime 2 mhíle (3.2km) do rúidbhealaí agus (ii) Dallrú i dtreo túir rialaithe Aerthrátha.

Is é beartas na Comhairle:

BEA GLU 37	Tacú le bearta eitlíochta mar atá leagtha amach in ‘Beartas Náisiúnta Eitlíochta d’Éirinn 2015’. Go háirithe, trí thacú le ról Aerfort Bhaile Átha Cliath mar phríomhthairseach turasóireachta agus gnó don Chontae agus do Réigiún níos leithne an Oirthir agus Lár na Tíre.
BEA GLU 38	Patrúin talamhúsáide oiriúnacha a spreagadh i gcóngarach bhealaí eitleilte a bhíonn ag freastal ar Aerfort Bhaile Átha Cliath, le haire a thabhairt ar an bprionsabal réamhchúraim, bunaithe ar thionchair timpeallachta agus sábháilteachta ghluaiseachtaí eitleán atá ann agus a bhfuil súil leo.
BEA GLU 39	Na beartais a chinnteoidh an Rialtas maidir le Criosanna Sábháilteachta Poiblí d’Aerfort Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm.
BEA GLU 40	Comhairle an IAA a thógáil san áireamh maidir le na héifeachtaí a bheadh ag aon mholadh forbartha ar shábháilteacht aerárthach agus ar loingseoireacht shábháilte agus éifeachtach de sin.
BEA GLU 41	Gach iarratas pleanála i leith réimsí fótavoltachais gréine atá suite laistigh de gha 15km d’Aerfort Bhaile Átha Cliath a chur faoi bhráid an IAA.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS GLU 60	1) Srianadh dian a dhéanamh ar fhorbairt neamhoiriúnach agus insliú torainn a éileamh nuair is cuí laistigh den Chrios Torainn Sheachtraigh, agus
------------	---

cur go gníomhach in aghaidh aon tsoláthar nua ar fhorbairt chónaitheach agus ar úsáidí goilliúnacha torainn eile laistigh den Chrios Torainn Inmheánaigh, mar a léirítear i Mapa 5.4.1 agus 5.4.2.

2) A chinntiú nach mbeidh cead aon teach cónaithe a thógáil i gcás ar bith laistigh den imlíne torainn 69 dB LAeq 16 uair an chloig atá tuartha.

3) A éileamh go ndéantar insliú cuimsitheach torainn a shuiteáil in aon teach a bhfuil cead faighte aige. Ní mór tuarascáil mheasúnaithe ar tionchar torainn a dhéanfaidh speisialtóir i measúnú torainn a shonróidh na bearta maolaithe torainn ar fad atá molta chomh maith le dearbhú glacachta ón iarratasóir maidir le toradh na tuarascála ar mheasúnú thionchair torainn a chur isteach le haon iarratas pleanála

CUS GLU 61

A chinntiú go gcuirfear srian ar aon fhorbairt a bhféadfadh coimhlint a bheith dá bharr le gluaiseachtaí aerárthach ar chúinsí timpeallachta nó sábháilteachta ar thailte i gcóngarachta Aerfort Bhaile Átha Cliath agus na bpríomhbhealaí eiltilte atá ag freastal ar Aerfort Bhaile Átha Cliath.

CUS GLU 62

A chinntiú go ndéantar forbairt chónaitheach a sheachaint i gceantair gur dócha go mbeadh leibhéil torainn iontu nach mbeadh oiriúnach d'úsáid chónaithe.

CUS GLU 63

1) A éileamh go gcuirfí Measúnú Loinneach agus Dallraithe isteach le haon iarratas ar réimsí fótvoltachais gréine laistigh de gha 15km d'aerfoirt.

2) Déanfaidh na measúnuithe sin Loinnir agus Dallrú féideartha ar ghabhdóirí eitlíochta atá ann cheana nó atá beartaithe a chur san áireamh, go háirithe (i) Dallrú i dtreo an bhealaigh druidime 2 mhíle (3.2km) ar rúidbhealaí agus (ii) Dallrú i dtreo túir rialaithe Aerthráchta.